



Uimhir 19 de 2011

AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ (LEASÚ), 2011
[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.
2. Léiriú.

CUID 2

LEASÚ AR AN BPRÍOMH-ACHT

3. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
4. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht.
5. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.
7. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 18 den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar alt 19 den Phríomh-Acht.
10. Leasú ar Chuid IVA den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht.
12. Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht.
13. Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht.
14. Leasú ar alt 27 den Phríomh-Acht.
15. Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht.
16. Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht.
17. Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht.

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú)*, [2011.]
2011.

18. Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht.
19. Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht.
20. Leasú ar alt 36 den Phríomh-Acht.
21. Leasú ar alt 37 den Phríomh-Acht.
22. Leasú ar alt 42 den Phríomh-Acht.
23. Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht.
24. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht.
25. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht.
26. Leasú ar alt 69 den Phríomh-Acht.

CUID 3

LEASÚ AR ACHT 2001

27. Leasú ar alt 3 d'Acht 2001.
28. Leasú ar alt 7 d'Acht 2001.
29. Leasú ar alt 8 d'Acht 2001.
30. Leasú ar alt 10 d'Acht 2001.
31. Leasú ar alt 13 d'Acht 2001.
32. Leasú ar alt 71 d'Acht 2001.
33. Leasú ar alt 77 d'Acht 2001.
34. Leasú ar alt 267 d'Acht 2001.

CUID 4

LEASÚ AR ACHT 2004

35. Leasú ar Chuid 7A d'Acht 2004.

CUID 5

LEASÚ AR ACHT 2007

36. Leasú ar Acht 2007.

CUID 6

AN BORD COMHAIRLEACH UM ACHTANNA NA LEANAÍ A
DHÍSCAOILEADH

37. Míniú.
38. An Bord a dhíscaoileadh.
39. Cearta agus dliteanais a aistriú.
40. Maoin áirithe a aistriú.

[2011.] *An tAcht um Chúram Leanáí (Leasú), [Uimh. 19.]*
2011.

41. Cuntais chríochnaitheacha.
42. Tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú.
43. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.
44. Foireann an Bhoird a aistriú.
45. Caiteachais.
46. Leasú ar an bPríomh-Acht.
47. Aisghairm.

CUID 7

ILGHNÉITHEACH

48. Forálacha idirthréimhseacha.
 49. Leasú ar an Acht Uchtála, 2010.
-

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú)*, [2011.]
2011.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála, 2010	2010, Uimh. 21
Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005	
An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	2001, Uimh. 19
An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007	2007, Uimh. 26
An tAcht um Chúram Leanaí, 1991	1991, Uimh. 17
Na hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2007	
Acht na Leanaí, 2001	2001, Uimh. 24
Achtanna na Leanaí, 2001 go 2007	
Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005	
Acht na gCúirteanna, 1971	1971, Uimh. 36
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006	2006, Uimh. 26
Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go 2001	
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964	1964, Uimh. 7
An tAcht Sláinte, 2004	2004, Uimh. 42
An tAcht Sláinte, 2007	2007, Uimh. 23
Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2009	
An tAcht Sláinte (Leasú), 2010	2010, Uimh. 15
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	
An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001	2001, Uimh. 25
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005	
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	2001, Uimh. 45
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004	2004, Uimh. 32
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007	
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001	
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	



Uimhir 19 de 2011

AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ (LEASÚ), 2011

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM CHÚRAM LEANAÍ, 1991; DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LE CÚRAM AGUS COSAINT LEANAÍ; DO LEASÚ ACHT NA LEANAÍ, 2001, AN ACHTA SLÁINTE, 2004 AGUS AN ACHTA SLÁINTE, 2007; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AN BORD COMHAIRLEACH UM ACHTANNA NA LEANAÍ A DHÍSCAOILEADH AGUS CHUN A SHÓCMHAINNÍ, A DHLITEANAIS AGUS A FHOSTAITHE A AISTRIÚ CHUIG AN AIRE SLÁINTE; D' AISGHAIM CHUID 11 D' ACHT NA LEANAÍ, 2001; DO LEASÚ AN ACHTA UCHTÁLA, 2010; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[31 Iúil 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

- 1.—(1) Féadfar an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.
- (2) Féadfar na hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2007, agus den Acht seo, seachas *ailt 27, 32, 33, 35, 36, 37 go 45, 47 agus 49*, le chéile.
- (3) Féadfar Achtanna na Leanaí, 2001 go 2011 a ghairm d'Achtanna na Leanaí, 2001 go 2007 agus *d'ailt 27, 32, 33, 37 go 45 agus 47* le chéile.
- (4) Féadfar na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2011 a ghairm de na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2010 agus *d'ailt 35 agus 36* le chéile.
- (5) Féadfar na hAchtanna Uchtála, 2010 agus 2011 a ghairm den Acht Uchtála, 2010 agus *d'alt 49* le chéile.
- (6) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *ailt 7 agus 49*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar

laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2001” Acht na Leanaí, 2001;

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht Sláinte, 2004;

ciallaíonn “Acht 2007” an tAcht Sláinte, 2007;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Chúram Leanaí, 1991.

CUID 2

LEASÚ AR AN BPRÍOMH-ACHT

Leasú ar alt 2 den
Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear alt 2 (arna leasú le hAcht 2007) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2001’ Acht na Leanaí, 2001;

tá le ‘ordú cúraim speisialta eatramhach’ an bhrí a shanntar dó le Cuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*);

tá le ‘cúram speisialta’ an bhrí a shanntar dó le Cuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*);

tá le ‘ordú cúraim speisialta’ an bhrí a shanntar dó le Cuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*);

tá le ‘aonad cúraim speisialta’ an bhrí a shanntar dó le Cuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*).”;

agus

(b) sa mhíniú ar “ionad cónaithe do leanaí” (a cuireadh isteach le hAcht 2007), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d) den mhíniú sin:

“(da) aonad cúraim speisialta.”.

Leasú ar alt 3 den
Phríomh-Acht.

4.—Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht trí fho-alt (4) a scriosadh.

Leasú ar alt 4 den
Phríomh-Acht.

5.—Leasaítear alt 4 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2), trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “IV”.

6.—Leasaítear alt 9 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “IV, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur in ionad “IV”. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.

7.—Leasaítear alt 12 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)(b), trí “nó do dhéanamh iarratais ar bharántas faoi alt 35” a chur isteach i ndiaidh “faoi alt 13”, agus

(b) i bhfo-alt (4), trí “nó mura mbeidh ordú dá dtagraítear in alt 35 déanta i leith an linbh” a chur isteach i ndiaidh “do dhuine ag gníomhú *in loco parentis*”.

8.—Leasaítear alt 18 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8): Leasú ar alt 18 den Phríomh-Acht.

“(9) Más rud é—

(a) go mbeidh ordú cúraim déanta i leith linbh agus—

(i) i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim, go ndéanfar ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh, agus

(ii) go scoirfidh an t-ordú cúraim d’éifeacht a bheith leis i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach,

nó

(b) nach mbeidh ordú cúraim déanta i leith linbh agus go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith an linbh sin,

féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim i leith an linbh sin i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

(10) I gcás go ndéanfaidh an Chúirt Dúiche ordú cúraim, de bhun an iarratais dá dtagraítear i bhfo-alt (9), i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach, ordóidh sí go mbeidh éifeacht leis an ordú cúraim díreach tar éis dul in éag don ordú cúraim speisialta nó, de réir mar a bheidh, don ordú cúraim speisialta eatramhach.”.

9.—Leasaítear alt 19 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7): Leasú ar alt 19 den Phríomh-Acht.

“(8) Más rud é—

(a) go mbeidh ordú maoirseachta déanta i leith linbh agus—

- (i) i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú maoirseachta, go ndéanfar ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh, agus
- (ii) go scoirfidh an t-ordú maoirseachta d'éifeacht a bheidh leis i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach,

nó

- (b) nach mbeidh ordú maoirseachta déanta i leith linbh agus go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith an linbh sin,

féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú maoirseachta i leith an linbh sin i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

(9) I gcás go ndéanfaidh an Chúirt Dúiche an t-ordú maoirseachta, de bhun an iarratais dá dtagraítear i bhfo-alt (8), i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach, ordóidh sí go mbeidh éifeacht leis an ordú maoirseachta díreach tar éis dul in éag don ordú cúraim speisialta nó, de réir mar a bheidh, don ordú cúraim speisialta eatramhach.”.

Leasú ar Chuid
IVA den Phríomh-
Acht.

10.—Leasaítear Cuid IVA den Phríomh-Acht (a cuireadh isteach le hAcht 2001) tríd an gCuid seo a leanas a chur in ionad Chuid IVA—

“CUID IVA

CÚRAM SPEISIALTA A SHOLÁTHAR IN AONAIÐ CHÚRAIM SPEISIALTA

Léiriú.

23A.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘Acht 2007’ an tAcht Sláinte, 2007;

ciallaíonn ‘riachtanais chúraim’ an cúram a theastaíonn ó leanbh ag féachaint dá iompar nó dá hiompar;

ciallaíonn ‘ordú faoi Acht na Leanaí’—

- (a) iomardú dá dtagraítear in alt 98 d’Acht 2001,
- (b) ordú dá dtagraítear i mír (a), (b), (c), (d), (e) nó (f) d’alt 98 d’Acht 2001, nó
- (c) smachtbhanna pobail dá dtagraítear i mír (a), (b), (c) nó (d) d’alt 115 d’Acht 2001 agus ní bheidh an smachtbhanna sin faoi réir coinníll dá dtagraítear i mír (d) d’alt 117 d’Acht 2001;

tá le ‘ordú coinneála leanaí’ an bhrí a shanntar dó le halt 3 d’Acht 2001;

ciallaíonn ‘pianbhreith faoi choimeád’—

- (a) ordú coinneála leanaí ach ní fholaíonn sé ordú coinneála leanaí a bhfuil a dhéanamh iarchurtha faoi alt 144 d’Acht 2001;
- (b) ordú coinneála agus maoirseachta dá dtagraítear in alt 151 d’Acht 2001, nó
- (c) pianbhreith dá dtagraítear in alt 155 (arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) d’Acht 2001;

tá le ‘comhdháil leasa teaghlaigh’ an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001;

ciallaíonn ‘caomhnóir’, i ndáil le leanbh, duine—

- (a) is caomhnóir linbh de bhun an Achta um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, nó
- (b) a cheaptar chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir de chuid an linbh—
 - (i) trí ghníomhas nó uacht, nó
 - (ii) le hordú ó chúirt sa Stát,

agus nach mbeidh curtha as oifig;

ciallaíonn ‘ordú cúraim speisialta eatramhach’ ordú arna dhéanamh faoi alt 23L;

tá le ‘gaol’ an bhrí a shanntar dó in alt 23O (a cuireadh isteach le hAcht 2001);

forléireofar ‘cúram speisialta’ de réir alt 23C;

ciallaíonn ‘ordú cúraim speisialta’ ordú arna dhéanamh faoi alt 23H;

ciallaíonn ‘aonad cúraim speisialta’ áitreabh, nó cuid d’áitreabh, arb éard atá ann nó inti cóiríocht chónaithe dhaingean ina bhfuil leanbh a bhfuil ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta ina leith á choinneáil nó á coinneáil d’fhonn cúram speisialta a sholáthar don leanbh sin agus folaíonn sé cóiríocht agus saoráidí a theastaíonn chun cúram speisialta a sholáthar;

ciallaíonn ‘pianbhreith fhionraithe faoi choimeád’ pianbhreith faoi choimeád nach bhfuil éifeacht léi a luaithe a fhorchuirtear í agus ní fholaíonn sé—

- (a) ordú coinneála leanaí a bhfuil a dhéanamh iarchurtha faoi alt 144 d’Acht 2001, ná

- (b) tréimhse choinneála atá curtha ar fionraí faoi alt 144(9)(b) d’Acht 2001.

Cúram speisialta agus aonaid chúraim speisialta a sholáthar.

23B.—(1) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram speisialta a sholáthar do leanbh a bhfuil ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta ina leith don tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta sin nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach sin.

(2) Ní choinneoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanbh in aonad cúraim speisialta mura rud é gur de bhun agus de réir ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh arna dhéanamh i leith an linbh sin a dhéanfar an choinneáil, nó go n-ordóidh an Ard-Chúirt a mhalairt.

(3) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) aonaid chúraim speisialta a sholáthar, agus
- (b) aonaid chúraim speisialta arna soláthar aici faoi mhír (a) a chothabháil agus a riaradh,

agus comhlíonfaidh sí rialacháin, más ann, arna ndéanamh faoi Acht 2007, i ndáil le haonaid chúraim speisialta agus caighdeáin, más ann, arna leagan síos faoi alt 8(1)(b) d’Acht 2007.

(4) D’ainneoin fho-alt (3) agus faoi réir fho-alt (5), féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun críocha na Coda seo, socrú a dhéanamh le duine faoi alt 38 (arna leasú le hAcht 2007) den Acht Sláinte 2004 maidir leis an duine sin do sholáthar cúraim speisialta agus maidir le soláthar, cothabháil agus riaradh aonaid cúraim speisialta.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht alt 38 (arna leasú le hAcht 2007) den Acht Sláinte 2004 ná d’aon téarma, coinníoll nó ní eile a ghabhann le socrú faoin alt sin agus a mheasfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, de réir an ailt sin, a bheith cuí, chun críocha na Coda seo—

- (a) beidh feidhm ag na forálacha a shonraítear i bhfo-alt (6) maidir le duine lena ndéanfar an socrú sin,
- (b) déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, i ndáil le socrú dá dtagraítear i bhfo-alt (4)—
- (i) maoirseacht agus faireachán ar an aonad cúraim speisialta a sholáthraítear, a chothabháiltear agus a riartar faoin socrú agus ar

sholáthar cúraim speisialta san
aonad sin, agus

- (ii) nósanna imeachta a bhunú maidir le fógra a thabhairt di i dtaobh leanbh a scaoileadh de bhun agus de réir alt 23NF(9),
- (c) más rud é, maidir le leanbh a mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta ina leith—
 - (i) go n-aistreofar é nó í, gan údarás dleathach ná toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná toiliú an duine lena ndearnadh an socrú sin, nó i ngan fhios dóibh, as aonad cúraim speisialta a sholáthraítear de bhun an tsocraithe sin,
 - (ii) go n-éalóidh sé nó sí as aonad cúraim speisialta a sholáthraítear de bhun an tsocraithe sin,
 - (iii) go mainneoidh sé nó sí filleadh, nó go gcoiscfear air nó uirthi filleadh, ar aonad cúraim speisialta a sholáthraítear de bhun an tsocraithe sin, nó
 - (iv) go bhfuil sé nó sí ar iarraidh nó as láthair ar shlí eile, gan toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná toiliú an duine lena ndearnadh an socrú sin, nó i ngan fhios dóibh, as aonad cúraim speisialta a sholáthraítear de bhun an tsocraithe sin nó as áit chun ar scaoileadh é nó í de réir alt 23NF nó 23NG,

cuirfidh an duine lena mbeidh an socrú sin déanta an méid sin in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte láithreach,

- (d) beidh feidhm ag treoirlínte arna n-ullmhú agus arna bhfoilsíú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 23NO i leith na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna (a) agus (c) den alt sin maidir le duine lena mbeidh an socrú sin déanta, agus
- (e) ní dhéanfar aon ní sa socrú sin nó san Acht seo a fhorléiriú mar ní lena dtabharfar cead don duine lena ndearnadh an socrú dá dtagraítear i bhfo-alt (4) iarratas a dhéanamh—

- (i) ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach,
- (ii) ar fhadú, urscaoileadh nó athrú ar ordú den sórt sin, ná
- (iii) ar an leanbh a scaoileadh faoi alt 23NF(1) nó 23NG,
ná iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i leith imeachtaí faoin gCuid seo nó de bhun na Coda seo.

(6) Is iad na forálacha dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(a)—

- (a) fo-ailt (1), (2) agus (3),
- (b) fo-ailt (1) agus (5) d’alt 23D,
- (c) alt 23E(6),
- (d) míreanna (b) agus (f) d’fho-alt (1) d’alt 23ND, agus
- (e) míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (9) d’alt 23NF.

Cúram speisialta.

23C.—Sa Chuid seo, ciallaíonn ‘cúram speisialta’ na nithe seo a leanas a sholáthar do leanbh—

- (a) cúram lena dtugtar aghaidh—
 - (i) ar a iompar nó a hiompar agus ar an mbaol a ghabhann leis an iompar sin go ndéanfar díobháil do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d’fhorbairt nó do leas an linbh, agus
 - (ii) ar a riachtanais chúraim,
agus folaíonn sé measúnú agus scrúdú liachta agus síciatrach agus cóireáil liachta agus shíciatrach, agus
- (b) maoirseacht oideachasúil,

in aonad cúraim speisialta ina bhfuil an leanbh á choinneáil nó á coinneáil, a dteastaíonn ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach chun é a sholáthar, ar ordú é lena n-ordaítear d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an leanbh a choinneáil in aonad cúraim speisialta, ar aonad é a measann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é a bheith cuí don leanbh, chun críocha an tsoláthair sin agus féadfar go bhfolóidh sé, i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach, an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta—

- (i) de réir alt 23NF, agus
- (ii) i gcás gur gá an scaoileadh chun críocho alt 23D nó 23E, de réir alt 23NG.

Imeachtaí
coiriúla agus
cúram
speisialta a
sholáthar.

23D.—(1) I gcás go gcúiseofar leanbh i gcion agus nach mbeidh cinneadh déanta maidir leis na himeachtaí i leith an chúisimh sin, faoi réir fho-alt (6) agus alt 23E, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní lena gcoiscfear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram speisialta a sholáthar don leanbh sin de réir ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), faoi réir fho-alt (6) agus alt 23E—

- (a) i gcás go gcúiseofar leanbh i gcion agus nach mbeidh cinneadh déanta maidir leis na himeachtaí i leith an chúisimh sin, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní lena gcoiscfear—

- (i) ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach agus, i gcás go ndéantar an t-ordú i leith an linbh sin, ar iarratas a dhéanamh chun an t-ordú sin a fhadú faoi alt 23J nó, de réir mar a bheidh, faoi alt 23N, i leith an linbh sin, ná

- (ii) ar an Ard-Chúirt iarratas dá dtagraítear i bhfomhír (i) a éisteacht agus a chinneadh,

agus

- (b) i gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith linbh agus go gcúiseofar an leanbh sin i gcion i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta nó le hordú cúraim speisialta eatramhach, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní—

- (i) lena gceanglaítear an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh,

- (ii) lena gcoiscítear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun an tréimhse a fhadú a bhfuil éifeacht lena linn, faoi alt 23J, le hordú cúraim speisialta nó, faoi alt 23N, le hordú cúraim speisialta eatramhach, ná

- (iii) lena gcoisctear ar an Ard-Chúirt iarratas dá dtagraítear i bhfomhír
 - (ii) a éisteacht agus a chinneadh,

sula ndéanfar na himeachtaí i leith an chúisimh sin a chinneadh agus cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is indéanta, in iúl don Chúirt a bheidh ag éisteacht an chúisimh sin gur ábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach an leanbh agus cuirfidh an Fheidhmeannacht an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú in iúl don Chúirt.

(3) I gcás go gcúiseofar leanbh i gcion agus nach mbeidh cinneadh déanta maidir leis na himeachtaí i leith an chúisimh sin, gan dochar d'alt 24, le linn breithniú a dhéanamh—

- (a) ar iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh sin,
- (b) ar iarratas, i leith an linbh sin, chun an tréimhse a fhadú ar lena linn—
 - (i) a bheidh éifeacht, faoi réim agus de réir alt 23J, leis an ordú cúraim speisialta, nó
 - (ii) a bheidh éifeacht, faoi réim agus de réir alt 23N, leis an ordú cúraim speisialta eatramhach,

nó

- (c) ar iarratas faoi alt 23NG, i leith an linbh sin, chun an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú d'fhonn a údarú an leanbh a scaoileadh as aonad cúraim speisialta chun go n-éistfeadh an cúiseamh sin agus chun críocha aon ábhair eile a bhainfidh le stiúradh na n-imeachtaí ina n-éistfeadh an cúiseamh sin,

beidh aird ag an Ard-Chúirt, gach tráth, ar chearta an linbh is ábhar don iarratas sin, lena n-áirítear a chearta nó a cearta sna himeachtaí ina n-éistfeadh an cúiseamh sin agus, gan dochar do ghinearálacht an mhéid sin roimhe seo, ní dhéanfaidh ná ní athróidh an Ard-Chúirt an t-ordú sin nó ní fhadóidh sí an tréimhse sin ná ní thabharfaidh sí treoir i leith an ordaithe sin, an fhadaithe sin nó an athraithe sin, ar treoir í a rachadh chun dochair do chearta an linbh nó a chuirfeadh isteach ar shlí eile orthu sna himeachtaí ina n-éistfeadh an cúiseamh sin agus i stiúradh na n-imeachtaí sin.

(4) I gcás go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, nó
- (b) iarratas chun an tréimhse a fhadú ar lena linn—
 - (i) a bheidh éifeacht, faoi alt 23J, leis an ordú cúraim speisialta, nó
 - (ii) a bheidh éifeacht, faoi alt 23N, leis an ordú cúraim speisialta eatramhach,

i leith linbh a chúiseofar i gcion agus nach mbeidh cinneadh déanta maidir leis na himeachtaí i leith an chúisimh sin, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (i) na nithe seo a leanas a chur in iúl don Ard-Chúirt—
 - (I) an cúiseamh sin agus na himeachtaí sin,
 - (II) aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith, faoi alt 23NG, chun go n-éistfeadh an cúiseamh sin agus go stiúrfar na n-imeachtaí sin, agus
 - (III) gan dochar do ghinearálacht fhomhír (II), aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith, faoi alt 23NG, chun críocha fho-alt (5)(b) agus (5)(c),

agus

- (ii) a chur in iúl don Chúirt a bheidh ag éisteacht an chúisimh—
 - (I) go ndearnadh an t-iarratas dá dtagraítear i mír (a) agus, i gcás go ndéanann an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach, a chur in iúl don Chúirt a bheidh ag éisteacht an chúisimh sin go ndearnadh an t-ordú lena mbaineann agus an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú a chur in iúl, nó
 - (II) go ndearnadh an t-iarratas dá dtagraítear i mír (b) agus, i gcás go mbeifear tar éis an t-ordú a fhadú, an tréimhse ar lena haghaidh a

fadaíodh an t-ordú a chur in iúl don Chúirt a bheidh ag éisteacht an chúisimh sin.

(5) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith linbh a chúiseofar i gcion agus nach mbeidh cinneadh déanta maidir leis na himeachtaí i leith an chúisimh sin, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) an leanbh a thabhairt chun na Cúirte a bheidh ag éisteacht an chúisimh sin,
- (b) a chur faoi deara go mbeidh teacht ag an leanbh ar an aturnae agus ar an abhcóide a dhéanfaidh ionadaíocht don leanbh sna himeachtaí a bhaineann leis an gcúiseamh sin,
- (c) an leanbh a thabhairt go dtí aon áit eile, nó a chur faoi deara go mbeidh teacht ag an leanbh ar aon duine eile chun go ndéanfar ionadaíocht don leanbh sin le linn na himeachtaí sin i leith an chúisimh sin a éisteacht nó a stiúradh, nó chun críocha aon ábhair eile a bhainfidh lena n-éisteacht nó lena seoladh.

(6) I gcás go ndéanfar leanbh dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (2) a athchur faoi choimeád, cibé acu de bhun alt 88 (arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) d'Acht 2001, nó ar shlí eile, sula ndéanfar na himeachtaí i leith an chúisimh sin a éisteacht agus a chinneadh, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a oibríonn chun athchur an linbh sin faoi choimeád a chosc agus—

- (a) ní dhéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas ar ordú cúraim speisialta ná ar ordú cúraim speisialta eatramhach, ná iarratas faoi alt 23J nó 23N, i leith an linbh sin agus, i gcás go ndearnadh iarratas den sórt sin, ach nach ndearnadh é a chinneadh sular athchuireadh an leanbh faoi choimeád, tarraingeoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte siar an t-iarratas, ná
- (b) i gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta agus go mbeidh éifeacht leis sula ndéanfar an leanbh a athchur faoi choimeád, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní lena gceanglaítear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanúint de chúram speisialta a sholáthar don leanbh sin, agus déanfaidh Feidhmeannacht na

Seirbhíse Sláinte iarratas chun na hArd-Chúirte chun an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin a urscaoileadh.

(7) San alt seo, folaíonn ‘an Chúirt a bheidh ag éisteacht an chúisimh sin’ Cúirt na Leanaí dá dtagraítear in alt 71 (arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) d’Acht 2001.

Pianbhreith faoi choimeád, ordú coinneála leanaí iarchurtha, ordú faoi Acht na Leanaí agus cúram speisialta a sholáthar.

23E.—(1) Faoi réir fho-ailt (7), (9) agus (10), ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní lena gcoisctear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram speisialta a sholáthar, de réir ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh, do leanbh a fuarthas ciontach, nó a ciontaíodh, i gcion coiriúil agus más rud é, tar éis an chiontaithe sin—

- (a) gur forchuireadh pianbhreith faoi choimeád ar an leanbh agus go mbeidh an phianbhreith sin curtha isteach,
- (b) go mbeidh pianbhreith fhionraithe faoi choimeád forchurtha ar an leanbh sin,
- (c) go mbeidh déanamh ordaithe coinneála leanaí iarchurtha i leith an linbh sin de réir alt 144 d’Acht 2001,
- (d) go mbeidh aon choinneáil arna forchur ar an leanbh de réir alt 144(9)(a) d’Acht 2001 curtha isteach,
- (e) go mbeidh tréimhse choinneála, arna forchur i leith an linbh de réir alt 144(9)(b) d’Acht 2001, curtha ar fionraí, nó
- (f) go mbeidh ordú faoi Acht na Leanaí déanta i leith an linbh sin,

agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, ní dhéanfar aon ní san Acht seo a fhorléiriú mar ní lena gcoisctear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta ná ar ordú cúraim speisialta eatramhach agus, i gcás go ndéanfar an t-ordú i leith an linbh sin, iarratas a dhéanamh ar fhadú faoi alt 23J nó 23N i leith an linbh sin, ná mar ní lena gcoisctear ar an Ard-Chúirt iarratas den sórt sin a éisteacht agus a chinneadh.

(2) Gan dochar d’fho-alt (1), i gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina hábhar d’ordú cúraim speisialta nó d’ordú cúraim speisialta eatramhach agus, i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú, go ndéanfar pianbhreith fhionraithe faoi choimeád a fhorchur ar an leanbh sin, go mbeidh déanamh ordaithe coinneála leanaí

i leith an linbh sin iarchurtha faoi alt 144 d'Acht 2001, go mbeidh tréimhse choinneála curtha ar fionraí faoi alt 144(9)(b) d'Acht 2001 i leith an linbh sin nó go mbeidh ordú faoi Acht na Leanaí déanta i leith an linbh sin, faoi réir fho-ailt (7), (9) agus (10), ní fhorléireofar aon ní san Acht seo—

- (a) mar ní lena gceanglaítear an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh,
 - (b) mar ní lena gcoisctear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun an tréimhse a fhadú ar lena linn—
 - (i) a bheidh éifeacht, faoi alt 23J, leis an ordú cúraim speisialta sin, nó
 - (ii) a bheidh éifeacht, faoi alt 23N, leis an ordú cúraim speisialta eatramhach sin,
- ná
- (c) mar ní lena gcoisctear ar an Ard-Chúirt iarratas dá dtagraítear i mír (b) a éisteacht agus a chinneadh,

agus cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl, a luaithe is indéanta, don Chúirt a rinne an phianbhreith fhionraithe faoi choimeád a fhorchur, an t-ordú coinneála leanaí a iarchur, an tréimhse choinneála a fhionraí nó a rinne an t-ordú faoin *Children Act* gur ábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach an leanbh agus cuirfidh an Fheidhmeannacht an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú in iúl don Chúirt.

(3) I gcás go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas—

- (a) ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, nó
- (b) chun an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht, faoi alt 23J, le hordú cúraim speisialta nó, faoi alt 23N, le hordú cúraim speisialta eatramhach,

agus go mbeidh, an tráth a dhéanfar an t-iarratas, pianbhreith fhionraithe faoi choimeád forchurtha i leith an linbh is ábhar don iarratas sin, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (i) na nithe seo a leanas a chur in iúl don Ard-Chúirt—
 - (I) an phianbhreith fhionraithe faoi choimeád sin agus aon téarmaí, coinníollacha agus ceanglais eile a

ghabhann leis an bpianbhreith
sin, agus

- (II) aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith, faoi alt 23NG, chun críocha na pianbhreithe fionraithe faoi choimeád sin agus chun críocha fho-alt (6),

agus

- (ii) a chur in iúl don Chúirt a d'fhorchuir an phianbhreith fhionraithe faoi choimeád—

- (I) go ndearnadh an t-iarratas dá dtagraítear i mír (a) agus, i gcás go ndéanfar ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach, an méid sin agus an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú a chur in iúl don Chúirt sin dá réir sin, nó

- (II) go ndearnadh an t-iarratas dá dtagraítear i mír (b), agus i gcás gur fadaíodh an t-ordú, an tréimhse ar lena haghaidh a fadaíodh an t-ordú a chur in iúl don Chúirt sin.

(4) I gcás go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas—

- (a) ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, nó
- (b) chun an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht, faoi alt 23J, le hordú cúraim speisialta nó, faoi alt 23N, le hordú cúraim speisialta eatramhach,

agus go mbeidh, an tráth a dhéanfar an t-iarratas, déanamh ordaithe coinneála leanaí iarchurtha, de réir alt 144 d'Acht 2001, i leith an linbh is ábhar don iarratas sin, nó go mbeidh tréimhse choinneála curtha ar fionraí i leith an linbh sin faoi alt 144(9)(b) den Acht sin, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (i) na nithe seo a leanas a chur in iúl don Ard-Chúirt—

- (I) gur iarchuireadh déanamh ordaithe coinneála leanaí faoi réim agus de réir alt 144 d'Acht 2001, nach raibh, tráth déanta an iarratais, tréimhse choinneála forchurtha, agus aon téarmaí, coinníollacha agus ceanglais eile a ghabhann leis an ordú coinneála leanaí sin, nó

maidir leis an tréimhse choinneála
fhionraithe sin, agus

- (II) aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith, faoi alt 23NG, chun críocha an ordaithe coinneála leanaí sin, nó na fionraí sin, agus chun críocha fho-alt (6),

agus

- (ii) a chur in iúl don Chúirt a d'iarchuir déanamh an ordaithe coinneála leanaí sin nó a chuir an tréimhse choinneála ar fionraí—

- (I) go ndearnadh an t-iarratas dá dtagraítear i mír (a) agus, i gcás go ndéanfar ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach, an méid sin agus an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú a chur in iúl don Chúirt sin dá réir sin, nó

- (II) go ndearnadh an t-iarratas dá dtagraítear i mír (b), agus, i gcás gur fadaíodh an t-ordú, an tréimhse ar lena haghaidh a fadaíodh an t-ordú a chur in iúl don Chúirt sin.

(5) I gcás go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas—

- (a) ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, nó

- (b) chun an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht, faoi alt 23J, le hordú cúraim speisialta nó, faoi alt 23N, le hordú cúraim speisialta eatramhach,

agus, an tráth a dhéanfar an t-iarratas, go mbeidh ordú faoi Acht na Leanaí déanta i leith an linbh is ábhar don iarratas sin, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (i) na nithe seo a leanas a chur in iúl don Ard-Chúirt—

- (I) an t-ordú lena mbaineann faoi Acht na Leanaí agus na téarmaí, na coinníollacha agus na ceanglais eile a ghabhann leis an ordú sin, agus

- (II) aon ní ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith, faoi alt 23NG, chun críocha an ordaithe lena mbaineann faoi

Acht na Leanaí agus chun críocha
fho-alt (6),

agus

(ii) a chur in iúl don Chúirt a rinne an
t-ordú faoi Acht na Leanaí—

(I) go ndearnadh an t-iarratas dá
dtagraítear i mír (a) agus, i gcás go
ndéanfar an t-ordú cúraim
speisialta nó an t-ordú cúraim
speisialta eatramhach, an méid sin
agus an tréimhse ar lena linn a
bheidh éifeacht leis an ordú a chur
in iúl don Chúirt sin dá réir sin, nó

(II) go ndearnadh an t-iarratas dá
dtagraítear i mír (b), agus, i gcás
gur fadaíodh an t-ordú, an
tréimhse ar lena haghaidh a
fadaíodh an t-ordú a chur in iúl
don Chúirt sin.

(6) I gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina
hábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim
speisialta eatramhach agus i rith na tréimhse ar
lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin—

(a) go mbeidh pianbhreith fhionraithe faoi
choimeád forchurtha i leith an linbh
sin,

(b) go mbeidh déanamh ordaithe coinneála
leanaí iarchurtha, i leith an linbh, faoi
alt 144 d'Acht 2001,

(c) go mbeidh tréimhse choinneála curtha
ar fionraí de réir alt 144(9)(b) d'Acht
2001, nó

(d) go mbeidh ordú faoi Acht na Leanaí
déanta i leith an linbh,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
gach beart atá ar fáil di le réasún chun cabhrú leis
an leanbh sin na téarmaí, na coinníollacha, agus
na ceanglais eile a ghabhann leis an bpianbhreith
fhionraithe faoi choimeád dá dtagraítear i mír (a),
leis an ordú coinneála leanaí dá dtagraítear i mír
(b), leis an bhfionraí dá dtagraítear i mír (c) nó
leis an ordú faoi Acht na Leanaí dá dtagraítear i
mír (d) a chomhlíonadh, agus, gan dochar do
ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo,
déanfaidh sí—

(i) an leanbh sin a thabhairt go dtí aon áit
a gceanglaítear ar an leanbh sin láithriú
ann de bhun na pianbhreithe faoi
choimeád dá dtagraítear i mír (a), an
ordaithe coinneála leanaí dá
dtagraítear i mír (b), na fionraí dá

dtagraítear i mír (c) nó an ordaithe faoi Acht na Leanaí dá dtagraítear i mír (d), agus

- (ii) a chur faoi deara go mbeidh teacht ag an leanbh sin ar aon duine chun críocha chomhlíonadh na dtéarmaí, na gcoinníollacha nó na gceanglas eile a ghabhann leis an bpianbhreith faoi choimeád dá dtagraítear i mír (a), leis an ordú coinneála leanaí dá dtagraítear i mír (b), leis an bhfionraí dá dtagraítear i mír (c) nó leis an ordú faoi Acht na Leanaí dá dtagraítear i mír (d),

(7) I gcás go mbeidh iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, nó iarratas faoi alt 23J nó 23N, déanta i leith linbh agus, sula ndéanfar an t-iarratas sin a chinneadh—

- (a) go bhforchuirfear pianbhreith faoi choimeád ar an leanbh sin agus go bhfuil éifeacht le bheith léi láithreach,
- (b) go bhforchuirfear, faoi alt 144(9)(a) d'Acht 2001, tréimhse choinneála i leith an linbh sin agus go bhfuil éifeacht le bheith leis an tréimhse choinneála sin láithreach,
- (c) nach mbeidh tréimhse choinneála a cuireadh ar fionraí de réir alt 144(9)(b) d'Acht 2001 ar fionraí a thuilleadh agus go bhfuil éifeacht le bheith leis an tréimhse choinneála sin láithreach, nó
- (d) gur forchuireadh pianbhreith fhionraithe faoi choimeád ar an leanbh sin ach nach bhfuil sí ar fionraí a thuilleadh agus go bhfuil éifeacht le bheith leis an bpianbhreith faoi choimeád láithreach,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-iarratas sin a tharraingt siar.

(8) I gcás go mbeidh iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, nó iarratas faoi alt 23J nó 23N, déanta i leith linbh agus, sula ndéanfar an t-iarratas sin a chinneadh—

- (a) go bhforchuirfear pianbhreith fhionraithe faoi choimeád ar an leanbh sin,
- (b) go mbeidh déanamh ordaithe coinneála leanaí, i leith an linbh sin, faoi alt 144 d'Acht 2001 iarchurtha nó go mbeidh tréimhse choinneála curtha ar fionraí, i leith an linbh sin, faoi alt 144(9)(b) den Acht sin, nó

- (c) go mbeidh ordú faoi Acht na Leanaí déanta i leith an linbh sin,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is indéanta, an phianbhreith fhionraithe faoi choimeád dá dtagraítear i mír (a), an t-ordú coinneála leanaí nó an fhionraí dá dtagraítear i mír (b) nó an t-ordú faoi Acht na Leanaí dá dtagraítear i mír (c) agus aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith faoi alt 23NG chun críocha chomhlíonadh na pianbhreithe fionraithe faoi choimeád sin, an ordaithe coinneála leanaí sin, na fionraí sin nó an ordaithe sin faoi Acht na Leanaí a chur in iúl don Ard-Chúirt.

(9) I gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina hábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach agus, i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin—

- (a) go bhforchuirfear pianbhreith faoi choimeád ar an leanbh sin agus go bhfuil éifeacht le bheith léi láithreach ar í a fhorchur, nó
- (b) gur forchuireadh pianbhreith fhionraithe faoi choimeád ar an leanbh sin ach nach bhfuil sí ar fionraí a thuilleadh agus go bhfuil éifeacht le bheith leis an bpianbhreith faoi choimeád láithreach,

ní oibreoidh aon ní san Acht seo a bhaineann le cúram speisialta a sholáthar don leanbh sin de bhun an ordaithe cúraim speisialta sin nó an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh sin chun cosc a chur ar an leanbh an phianbhreith faoi choimeád sin a chur isteach agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is indéanta, iarratas chun na hArd-Chúirte chun an t-ordú cúraim speisialta sin nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin a urscaoileadh.

(10) I gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina hábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach agus go mbeidh déanamh ordaithe coinneála leanaí iarchurtha, de réir alt 144 d'Acht 2001, i leith an linbh sin, nó go mbeidh tréimhse choinneála curtha ar fionraí de réir alt 144(9)(b) den Acht sin agus, i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach sin—

- (a) go bhforchuirfear tréimhse choinneála faoi alt 144(9)(a) d'Acht 2001, i leith an linbh sin agus go bhfuil éifeacht le bheith leis an tréimhse choinneála sin láithreach, nó

- (b) nach mbeidh tréimhse choinneála a cuireadh ar fionraí de réir alt 144(9)(b) d'Acht 2001 ar fionraí a thuilleadh agus go bhfuil éifeacht le bheith leis an tréimhse choinneála sin láithreach,

ní oibreoidh aon ní san Acht seo a bhaineann le cúram speisialta a sholáthar don leanbh sin de bhun an ordaithe cúraim speisialta sin nó an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh sin chun cosc a chur ar an leanbh ó bheith á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is indéanta, iarratas chuig an Ard-Chúirt chun an t-ordú cúraim speisialta sin nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin a urscaoileadh.

(11) I gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina hábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach agus, i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin, go bhforchuirfear pianbhreith fhionraithe faoi choimeád ar an leanbh sin—

- (a) déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an phianbhreith fhionraithe faoi choimeád sin, aon téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an bpianbhreith fhionraithe faoi choimeád sin agus aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta, faoi alt 23NG, ina leith, chun an phianbhreith choimeádta ar fionraí sin a chomhlíonadh, a chur in iúl don Ard-Chúirt, agus
- (b) faoi réir fho-alt (9), leanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, de réir an ordaithe cúraim speisialta sin, nó an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh sin, agus an Achta seo, de chúram speisialta a sholáthar don leanbh sin.

(12) I gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina hábhar d'ordú cúraim speisialta, nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach agus, i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin, go mbeidh déanamh ordaithe coinneála leanaí iarchurtha, de réir alt 144 d'Acht 2001, i leith an linbh sin nó go mbeidh tréimhse choinneála curtha ar fionraí de réir alt 144(9)(b) den Acht sin—

- (a) déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-iarchur sin nó an fhionraí sin agus aon téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an iarchur sin nó leis an bhfionraí sin agus aon ábhar ar gá an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta ina leith, faoi alt 23NG, chun an t-iarchur sin nó

an fhionraí sin a chomhlíonadh, a chur
in iúl don Ard-Chúirt, agus

- (b) faoi réir fho-alt (10)(a) nó (10)(b),
leanfaidh Feidhmeannacht na
Seirbhíse Sláinte, de réir an ordaithe
cúraim speisialta sin, nó an ordaithe
cúraim speisialta eatramhaigh sin, agus
an Achta seo, de chúram speisialta a
sholáthar don leanbh.

(13) I gcás leanbh a bheith ina ábhar nó ina
hábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim
speisialta eatramhach agus, i rith na tréimhse ar
lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin, go
ndéanfar ordú faoi Acht na Leanaí i leith an
linbh sin—

- (a) cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte an t-ordú sin faoi Acht na
Leanaí, aon téarmaí agus coinníollacha
a ghabhann leis an ordú sin faoi Acht
na Leanaí agus aon ábhar ar gá an
leanbh a scaoileadh as an aonad
cúraim speisialta ina leith, faoi alt
23NG, chun an t-ordú sin faoi Acht na
Leanaí a chomhlíonadh, a chur in iúl
don Ard-Chúirt, agus

- (b) leanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte, de réir an ordaithe cúraim
speisialta sin, nó an ordaithe cúraim
speisialta eatramhaigh sin, agus an
Achta seo, de chúram speisialta a
sholáthar don leanbh sin.

(14) San alt seo, ciallaíonn tagairtí do
phianbhreith faoi choimeád a bheith arna cur
isteach, i gcás pianbhreithe faoi choimeád is ordú
coinneála agus maoirseachta, go bhfuil an
tréimhse a ndearnadh an t-ordú sin lena haghaidh
dulta in éag.

Cinneadh ó
Fheidhm-
eannacht na
Seirbhíse
Sláinte go
dteastaíonn
cúram
speisialta ón
leanbh.

23F.—(1) Ní dhéanfaidh Feidhmeannacht na
Seirbhíse Sláinte iarratas ar ordú cúraim speisialta
i leith linbh mura rud é gur deimhin léi go bhfuil
11 bhliain d'aois slánaithe ag an leanbh agus go
bhfuil cinneadh déanta aici, de réir an ailt seo, go
dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh.

(2) Más rud é—

- (a) gur deimhin le Feidhmeannacht na
Seirbhíse Sláinte go bhfuil cúis
reasúnach ann chun a chreidiúint go
ngabhann le hiompar an linbh baol
réadach substaintiúil díobhála do
bheatha, do shláinte, do shábháilteacht,
d'fhorbairt nó do leas an linbh,

- (b) ag féachaint don iompar agus don bhaol
díobhála sin, go mbeidh measúnú

déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar riachtanais chúraim an linbh, agus gur deimhin léi go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint—

- (i) maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do sholáthar cúraim, seachas cúram speisialta, nó do leanúint dá sholáthar, don leanbh, agus
- (ii) maidir le cóireáil agus seirbhísí meabhairshláinte, faoi réim an Achta Meabhair-Shláinte 2001 agus de réir bhrí an Achta sin,

nach dtabharfar aghaidh go leordhóthanach leis an gcéanna ar an iompar agus ar an mbaol díobhála sin ná ar na riachtanais chúraim sin, agus

- (c) ag féachaint do mhír (b), gur deimhin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh chun go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na nithe seo a leanas—

- (i) an t-iompar agus an baol díobhála sin, agus
- (ii) na riachtanais chúraim sin,

ar cúram é nach féidir léi a sholáthar don leanbh mura ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta i leith an linbh sin,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte socruithe chun an comhchomhairliúchán dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a chur i gcrích.

(3) Maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) rachaidh sí, faoi réir fho-alt (4), i gcomhairle—
 - (i) leis an leanbh,
 - (ii) leis an tuismitheoir a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád, mura rud é go bhfuil an tuismitheoir marbh nó ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi, agus
 - (iii) le caomhnóir, más ann, nó le duine, más ann, atá ag gníomhú *in loco parentis*, mura rud é go bhfuil an

caomhnóir nó an duine sin ar
iarraidh nó nach féidir teacht air
nó uirthi,

agus

(b) féadfaidh sí, ag féachaint d'imthosca
uile an linbh, dul i gcomhairle—

(i) le gaol de chuid an linbh, nó

(ii) le duine a bhfuil, i dtuairim
Fheidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte, aithne aige nó aici ar an
leanbh agus ar imthosca
teaghlaigh nó imthosca eile an
linbh,

i ndáil leis an iompar agus leis an mbaol díobhála
dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a), leis na riachtanais
chúraim dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b), leis an
togra cúram speisialta a sholáthar don leanbh agus
leis an leanbh a choinneáil in aonad cúraim
speisialta chun na críche sin.

(4) I gcás gur deimhin le Feidhmeannacht na
Seirbhíse Sláinte, ag féachaint do bheatha, do
shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas
an linbh a chosaint, go bhfuil cúis réasúnach ann
chun a chreidiúint nach bhfuil sé ar mhaithe le leas
an linbh dul i gcomhairle le gach duine nó le haon
duine díobh seo a leanas, ní rachaidh sí i
gcomhairle leis an duine sin:

(a) an leanbh;

(b) tuismitheoir a bhfuil an leanbh faoina
choimeád nó faoina coimeád;

(c) an caomhnóir;

(d) duine atá ag gníomhú *in loco parentis*.

(5) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte, faoi réir fho-alt (6), comhdháil leasa
teaghlaigh a thionól de réir alt 7 (arna leasú leis
an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011) d'Acht
2001 más deimhin léi go bhfuil cúis réasúnach ann
chun a chreidiúint go dteastaíonn cúram speisialta
ón leanbh, tar éis na comhchomhairliúcháin a
sheoladh de réir fho-alt (3) nó gan iad a sheoladh
de réir fho-alt (4).

(6) D'ainneoin fho-alt (5), i gcás gur deimhin le
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag féachaint
do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht,
d'fhorbairt nó do leas an linbh a chosaint, go
bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint nach
bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh an chomhdháil
leasa teaghlaigh dá dtagraítear i bhfo-alt (5) a
thionól, féadfaidh sí a chinneadh gan an
chomhdháil sin a thionól.

(7) Más rud é, maidir le comhdháil leasa teaghlaigh—

(a) gur tionóladh í de réir fho-alt (5) agus go bhfuil aird tugtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar na moltaí, más ann, ar tugadh fógra maidir leo faoi alt 12 d'Acht 2001, nó

(b) nár tionóladh í de réir fho-alt (6),

agus gur deimhin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh, déanfaidh sí cinneadh i dtaobh an dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh.

(8) I gcás go gcinnfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint gurb amhlaidh, chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú cúraim speisialta.

(9) I gcás go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas ar ordú cúraim speisialta agus, de réir fho-alt (4), nach mbeidh an comhchomhairliúchan dá dtagraítear i bhfo-alt (3) seolta aici, cuirfidh sí in iúl don Ard-Chúirt nár seoladh an comhchomhairliúchán agus na forais a bhí ann gan an comhchomhairliúchán sin a sheoladh.

(10) I gcás go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas ar ordú cúraim speisialta, agus nach mbeidh comhdháil leasa teaghlaigh tionólta aici de réir fho-alt (6), cuirfidh sí in iúl don Ard-Chúirt nár thionóil sí an chomhdháil sin agus na forais a bhí ann gan an chomhdháil a thionól.

(11) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte treoirínte a ullmhú agus a fhoilsiú a bhainfidh leis na nósanna imeachta—

(a) chun comhchomhairliúchán a sheoladh chun críocha an ailt seo, agus

(b) chun comhdháil leasa teaghlaigh a thionól chun críocha an ailt seo.

Fógra maidir le hiarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach.

23G.—(1) Déanfar iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, faoi réir fho-alt (6) agus alt 23L(3), iar bhfógra a thabhairt—

(a) do thuismitheoir a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád, mura rud é go bhfuil an thuismitheoir

marbh nó ar iarraidh, nó nach féidir teacht air nó uirthi,

(b) do chaomhnóir de chuid an linbh, más ann, nó do dhuine, más ann, atá ag gníomhú *in loco parentis*, mura rud é go bhfuil an caomhnóir sin marbh nó ar iarraidh, nó nach féidir teacht air nó uirthi, agus

(c) do chaomhnóir *ad litem*, i gcás gur ceapadh an caomhnóir sin de réir alt 26 (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011) i leith nósanna imeachta faoin gCuid seo agus gur de réir alt 26(4) a bheidh éifeacht lena cheapachán nó lena ceapachán.

(2) Más rud é, ag féachaint d'imthosca uile linbh, go measfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cuí é i leith an linbh sin, féadfaidh sí a chur in iúl d'aon duine de na daoine seo a leanas go bhfuil iarratas déanta ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach:

(a) gaol de chuid an linbh;

(b) duine a bhfuil, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, aithne aige nó aici ar an leanbh sin agus ar imthosca teaghlaigh nó imthosca eile an linbh.

(3) Cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don Gharda Síochána go bhfuil iarratas déanta ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, lena n-áirítear iarratas ar ordú cúraim speisialta eatramhach dá dtagraítear in alt 23L(3).

(4) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun críocha fho-alt (1), gach beart atá ar fáil di le réasún chun teacht ar dhuine dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1).

(5) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ag féachaint d'imthosca uile an linbh, a ordú go gcuirfear in iúl do dhuine eile, i dteannta na ndaoine dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2), ar duine é nó í a bhfuil aithne aige nó aici ar an leanbh sin agus ar imthosca teaghlaigh nó imthosca eile an linbh sin, go bhfuil iarratas déanta ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach.

(6) D'ainneoin mhíreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1), féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag féachaint don cheartas nó do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh a chosaint, a ordú gur ar shlí seachas iar bhfógra do dhuine ainmnithe, is duine a mbeidh an t-iarratas sin le déanamh, de bhun mhíreanna (a)

agus (b) d'fho-alt (1), iar bhfógra chuige nó chuici, a dhéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus féadfaidh an Ard-Chúirt cibé foráil eile a dhéanamh agus cibé ordacháin eile a thabhairt i leith an fhógra sin a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'imthosca uile an linbh.

Ordú cúraim
speisialta.

23H.—(1) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

(a) go bhfuil 11 bhliain slánaithe ag an leanbh,

(b) go bhfuil iompar an linbh de shórt a fhágann gur cúis é le baol réadach substaintiúil díobhála do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh,

(c) ag féachaint don iompar agus don bhaol díobhála sin agus do riachtanais chúraim an linbh—

(i) maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do sholáthar cúraim, seachas cúram speisialta, nó do leanúint dá sholáthar, don leanbh, agus

(ii) maidir le cóireáil agus seirbhísí meabhairshláinte, faoi réim an Achta Meabhair-Shláinte 2001 agus de réir bhrí an Achta sin,

nach dtabharfar aghaidh go leordhóthanach leis an gcéanna ar an iompar agus ar an mbaol díobhála sin ná ar na riachtanais chúraim sin,

(d) ag féachaint do mhír (c), go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh chun go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach—

(i) ar an iompar agus ar an mbaol díobhála sin, agus

(ii) ar na riachtanais chúraim sin,

is cúram nach féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a sholáthar don leanbh mura ndéanfar ordú cúraim speisialta i leith an linbh sin,

(e) go bhfuil an comhchomhairliúchán dá dtagraítear in alt 23F(3) seolta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó, i gcás nach mbeidh an comhchomhairliúchán sin seolta ag

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gur deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh gan an comhchomhairliúchán sin a dhéanamh, ag féachaint do na forais a soláthraíodh de réir alt 23F(9),

- (f) maidir leis an gcomhdháil leasa teaghlaigh dá dtagraítear in alt 23F(5)—
 - (i) gur thionóil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an chomhdháil leasa teaghlaigh agus go bhfuil aird tugtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar na moltaí ar tugadh fógra maidir leo de réir alt 12 d’Acht 2001, nó
 - (ii) go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh nár tionóladh an chomhdháil leasa teaghlaigh, ag féachaint don fhaisnéis agus do na forais a soláthraíodh de réir alt 23F(10),
- (g) chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh, agus
- (h) ag féachaint do mhíreanna (a) go (g), go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh an leanbh a choinneáil in aonad cúraim speisialta, de réir mar is gá sin chun cúram speisialta a sholáthar dó nó di,

féadfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta a dhéanamh i leith an linbh sin.

(2) Sonróidh ordú cúraim speisialta an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis agus ní faide ná 3 mhí an tréimhse sin ón lá a dhéanfar an t-ordú sin, mura rud é go ndéanfar an tréimhse sin a fhadú faoi alt 23J, agus déanfar leis—

- (a) an leanbh ar ina leith a dhéanfar é a chur faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (b) a ordú d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an leanbh sin a choinneáil in aonad cúraim speisialta a mheasfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bheith cuí don leanbh sin, chun cúram speisialta a sholáthar don leanbh sin, agus
- (c) a ordú d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram speisialta a sholáthar don leanbh agus aire a thabhairt don leanbh i gcoitinne agus é nó í a chothabháil,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt, a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'imthosca uile an linbh.

(3) Chun ordú cúraim speisialta a fhorghníomhú, féadfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) ordú a dhéanamh lena n-ordaítear do dhuine a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina choimeád iarbhír an leanbh sin a thabhairt suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (b) ordú a dhéanamh lena n-ordaítear don Gharda Síochána cuardach a dhéanamh le haghaidh an linbh agus teacht air nó uirthi agus an leanbh a thabhairt suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, in aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus
- (c) barántas a eisiúint lena n-údaráítear do chomhalta den Gharda Síochána, fara cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána nó cibé daoine eile is gá, dul isteach, le forneart más gá, in aon teach nó áit eile a bheidh sonraithe sa bharántas, lena n-áirítear aon fhoirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh, puball, carbhán nó déanmhas sealadach nó soghluaiste eile, feithicil, soitheach nó aerárthach ina bhfuil an leanbh, nó a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé nó sí ann, agus an leanbh a thabhairt faoi choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san aonad cúraim speisialta ina mbeidh an leanbh le coinneáil,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt, maidir leis an ordú sin nó leis an mbarántas sin, ordacháin a thabhairt a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'imthosca uile an linbh.

(4) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta, cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don Gharda Síochána láithreach go bhfuil an t-ordú cúraim speisialta déanta agus na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an ordú sin agus le hordú arna dhéanamh, nó le barántas arna eisiúint, más ann, faoin alt seo, agus le hordú, más ann, arna dhéanamh faoi alt 23NA(1).

(5) Measfar gur tugadh, nó gur taispeánadh, do dhuine cóip d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú a rinneadh, nó de bharántas a eisíodh, faoi fho-alt (3) má bhí an duine sin i láthair ag an suí den Ard-Chúirt ina ndearnadh an t-ordú cúraim speisialta sin nó an t-ordú sin nó inar eisíodh an barántas sin.

Athbhreithniú
ar ordú cúraim
speisialta.

23I.—(1) Déanfaidh an Ard-Chúirt athbhreithniú dá dtagraítear i bhfo-alt (4) i ngach tréimhse 4 sheachtain ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta agus déanfaidh an Ard-Chúirt, le linn di an t-ordú cúraim speisialta a dhéanamh, nó le linn é a fhadú de bhun iarratais faoi alt 23J, an dáta nó na dátaí don athbhreithniú sin a shonrú.

(2) Faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), más ann, is iar bhfógra do na daoine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar athbhreithniú faoin alt seo.

(3) Maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

(a) féadfaidh sí, i gcás go measfaidh sí gur cuí é i leith imthosca an linbh, a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2), agus

(b) déanfaidh sí, i gcás go mbeidh ordachán déanta faoi alt 23NA(2)(b), a chur in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin,

go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoin alt seo.

(4) Déanfaidh an Ard-Chúirt, le linn di athbhreithniú a dhéanamh faoin alt seo, breithniú i dtaobh an bhfuil cúram speisialta ag teastáil ón leanbh i gcónaí chun go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar a iompar nó ar a hiompar, ar an mbaol díobhála do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh a ghabhann leis an iompar sin agus ar a riachtanais chúraim, agus tabharfaidh sí aird ar mheasúnú arna dhéanamh de réir alt 23ND(4).

(5) Féadfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta a athrú de bhun athbhreithniú faoin alt seo agus féadfaidh sí cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'imthosca uile an linbh.

(6) I gcás go sonrófar lá le haghaidh athbhreithniú faoin alt seo agus go mbeidh, an lá sin, an leanbh lena mbaineann—

- (a) de bhun alt 23NF, lasmuigh den Stát chun na críche dá dtagraítear in alt 23NF(2)(c), nó
- (b) de bhun alt 23NG, arna scaoileadh as an aonad cúraim speisialta chun críche dá dtagraítear in alt 23NG(1),

féadfar an t-athbhreithniú a sheoladh an dáta sin d'ainneoin an leanbh a bheidh lasmuigh den Stát nó arna scaoileadh as an aonad cúraim speisialta chun na críche sin.

An tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta.

23J.—(1) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta déanta i leith linbh agus gur deimhin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil an chúram speisialta atá á sholáthar don leanbh de bhun an ordú ag dul chun sochair dó nó di,
- (b) d'ainneoin mhír (a) agus ag féachaint do na measúnaithe arna ndéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi 23ND(4), go bhfuil an baol díobhála don leanbh a ghabhann lena iompar nó lena hiompar ann i gcónaí,
- (c) go dteastaíonn ón leanbh go leanfar de chúram speisialta a sholáthar dó nó di chun go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar an iompar agus ar an mbaol díobhála sin agus ar a riachtanais chúraim, is cúram nach féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanúint dá sholáthar don leanbh mura ndéanfar an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta sin,
- (d) nach ndéanfar le soláthar na nithe seo a leanas—
 - (i) cúram ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, seachas cúram speisialta, don leanbh, agus
 - (ii) cóireáil agus seirbhísí meabhairshláinte faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001 agus de réir bhrí an Achta sin,

aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an iompar ná ar an mbaol díobhála sin ná ar riachtanais chúraim an linbh, agus

- (e) gur gá leanúint den chúram speisialta a sholáthar agus, chun na críche sin, gur gá leanúint den leanbh a choinneáil in aonad cúraim speisialta, chun beatha,

sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas
an linbh a chosaint,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
faoi réir fho-alt (2), iarratas chun na hArd-Chúirte
chun an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh
éifeacht leis an ordú cúraim speisialta d'fhonn
leanúint de chúram speisialta a sholáthar don
leanbh sin.

(2) Ní ceadmhach líon is mó ná 2 iarratas a
dhéanamh faoin alt seo.

(3) Faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), is
iar bhfógra do na daoine dá dtagraítear i míreanna
(a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna
sin, a dhéanfar iarratas faoin alt seo.

(4) Maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte—

(a) féadfaidh sí, i gcás go measfaidh sí gur
cuí é i leith imthosca an linbh, a chur
in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt
23G(2), agus

(b) déanfaidh sí, i gcás go mbeidh ordachán
déanta faoi alt 23NA(2)(b), a chur in
iúl don duine ar ina leith a rinneadh an
t-ordachán sin,

go bhfuil iarratas á dhéanamh faoin alt seo.

(5) Is roimh dhul in éag don tréimhse a
shonraítear san ordú cúraim speisialta de réir alt
23H(2) a dhéanfar an chéad iarratas faoin alt seo.

(6) Is roimh dhul in éag don tréimhse ar
fadaíodh an t-ordú cúraim speisialta ar a feadh, de
bhun an chéad iarratais, a dhéanfar an t-iarratas
deiridh faoin alt seo.

(7) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

(a) go bhfuil na coinníollacha a shonraítear
i míreanna (a) go (e) d'fho-alt (1)
comhlíonta i leith an linbh, agus

(b) go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh
leanúint den leanbh a choinneáil in
aonad cúraim speisialta,

féadfaidh an Ard-Chúirt, faoi réir fho-alt (8), an
tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht leis
an ordú cúraim speisialta agus féadfaidh an Ard-
Chúirt, ag féachaint d'imthosca uile an linbh, an
t-ordú cúraim speisialta a athrú agus cibé foráil
eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt a
mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar
mhaithe le leas an linbh.

(8) Ní faide ná 3 mhí gach fadú ar an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta.

(9) I gcás go bhfadóidh an Ard-Chúirt an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta (dá ngairtear an ‘tréimhse fhadaíthe’ san alt seo), beidh éifeacht leis an tréimhse fhadaíthe—

(a) de bhun an chéad iarratais, díreach tar éis dul in éag don tréimhse a shonraítear san ordú cúraim speisialta de réir alt 23H(2), agus

(b) de bhun an iarratais deiridh, díreach tar éis dul in éag don tréimhse fhadaíthe roimhe sin.

(10) I gcás go ndearnadh ordú faoi alt 23NA(1) i leith linbh is ábhar d’iarratas faoin alt seo, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin.

(11) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh, agus a éisteacht, i leith linbh a bheidh, de bhun alt 23NF, lasmuigh den Stát chun na críche dá dtagraítear in alt 23NF(2)(c).

Cúram
speisialta
roimh
chinneadh faoi
alt 23F.

23K.—I gcás go mbeidh gach beart atá ar fáil di le réasún á dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cinneadh a dhéanamh faoi alt 23F i leith linbh agus nach mbeidh an cinneadh sin déanta aici fós ach gur deimhin léi go bhfuil cúis mhaith ann chun a chreidiúint—

(a) go bhfuil 11 bhliain d’aois slánaithe ag an leanbh,

(b) go ngabhann le hiompar an linbh baol réadach substaintiúil díobhála do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d’fhorbairt nó do leas an linbh sin,

(c) gur baol láithreach an baol díobhála dá dtagraítear i mír (b),

(d) ag féachaint don iompar agus don bhaol díobhála sin agus tar éis riachtanais chúraim an linbh sin a mheasúnú—

(i) maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do sholáthar cúraim, seachas cúram speisialta, nó do leanúint dá sholáthar, don leanbh, agus

(ii) maidir le cóireáil agus seirbhísí meabhairshláinte faoin Acht

Meabhair-Shláinte, 2001 agus de réir bhrí an Achta sin,

nach dtabharfar aghaidh go leordhóthanach leis an gcéanna ar an iompar ná ar an mbaol díobhála sin ná ar na riachtanais chúraim sin,

(e) ag féachaint do mhír (d), go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh chun go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach—

(i) ar an iompar agus ar an mbaol díobhála sin, agus

(ii) ar na riachtanais chúraim sin,

is cúram nach féidir léi a sholáthar don leanbh mura ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh sin,

(f) chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh, agus

(g) ag féachaint do mhír (c), go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh láithreach agus sula mbeidh cinneadh déanta aici faoi alt 23F,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is féidir, iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú cúraim speisialta eatramhach.

Ordú cúraim speisialta eatramhach.

23L.—(1) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint—

(a) go bhfuil 11 bhliain d’aois slánaithe ag an leanbh,

(b) go bhfuil gach beart atá ar fáil di le réasún á dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cinneadh a dhéanamh faoi alt 23F,

(c) go ngabhann le hiompar an linbh baol réadach substaintiúil díobhála do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d’fhorbairt nó do leas an linbh,

(d) gur baol láithreach an baol díobhála dá dtagraítear i mír (c),

(e) ag féachaint don iompar agus don bhaol díobhála sin agus do riachtanais chúraim an linbh—

- (i) maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do sholáthar cúraim, seachas cúram speisialta, nó do leanúint dá sholáthar, don leanbh sin, agus
- (ii) maidir le cóireáil agus seirbhísí meabhairshláinte faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001 agus de réir bhrí an Achta sin,
 - nach dtabharfar aghaidh go leordhóthanach leis an gcéanna ar an iompar ná ar an mbaol díobhála sin ná ar na riachtanais chúraim sin,
- (f) ag féachaint do mhír (e), go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh chun go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach—
 - (i) ar an iompar agus ar an mbaol díobhála sin, agus
 - (ii) ar na riachtanais chúraim sin,
 - is cúram nach féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a sholáthar don leanbh mura ndéanfar ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh sin,
- (g) chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh,
- (h) ag féachaint do mhír (d), go dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh láithreach agus gur gá é a sholáthar roimh an gcinneadh a dhéanamh faoi alt 23F i leith an linbh sin, agus
- (i) ag féachaint do mhíreanna (a) go (h), go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh é nó í a choinneáil in aonad cúraim speisialta, de réir mar is gá sin chun cúram speisialta a sholáthar dó nó di,

féadfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach a dhéanamh i leith an linbh sin.

(2) Sonrófar in ordú cúraim speisialta eatramhach an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis agus, faoi réir fho-alt (3), ní faide ná 14 lá an tréimhse sin ón lá a dhéanfar an t-ordú sin mura rud é go ndéanfar an tréimhse sin a fhadú faoi alt 23N agus déanfar leis—

- (a) an leanbh ar ina leith a dhéantar é a chur faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

- (b) a ordú d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an leanbh sin a choinneáil in aonad cúraim speisialta a mheasfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bheith cuí don leanbh sin chun cúram speisialta a sholáthar don leanbh sin, agus
- (c) a ordú d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram speisialta a sholáthar don leanbh agus aire a thabhairt don leanbh i gcoitinne agus é nó í a chothabháil,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt, a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d’imthosca uile an linbh.

(3) Féadfar iarratas ar ordú cúraim speisialta eatramhach a dhéanamh *ex parte* i gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt gur gá sin ar mhaithe leis an gceartas, le leas an linbh nó chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, agus, faoi réir 23M(6), i gcás gur de bhun iarratais *ex parte* a dhéanfar ordú cúraim speisialta eatramhach ní faide an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta eatramhach sin ná 8 lá ón lá a dhéanfar é.

(4) Chun ordú cúraim speisialta eatramhach a fhorghníomhú, féadfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) ordú a dhéanamh lena n-ordaítear do dhuine a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád iarbhír an leanbh sin a thabhairt suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (b) ordú a dhéanamh lena n-ordaítear don Gharda Síochána cuardach a dhéanamh le haghaidh an linbh agus teacht air nó uirthi agus an leanbh a thabhairt suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, in aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus
- (c) barántas a eisiúint lena n-údaráítear do chomhalta den Gharda Síochána, fara cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána nó cibé daoine eile is gá, dul isteach, le forneart más gá, in aon teach nó áit eile a bheidh sonraithe sa bharántas, lena n-áirítear aon fhoirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh, puball, carbhán nó déanmhas sealadach nó soghluaiste eile, feithicil, soitheach nó aerárthach ina bhfuil an

leanbh nó a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé nó sí ann, agus an leanbh a thabhairt faoi choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san aonad cúraim speisialta ina mbeidh an leanbh le coinneáil,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt, maidir leis an ordú sin nó leis an mbarántas sin, ordacháin a thabhairt de réir mar a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'ímthosca uile an linbh.

(5) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach, cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don Gharda Síochána láithreach go bhfuil an t-ordú cúraim speisialta eatramhach déanta agus na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an ordú sin agus le hordú arna dhéanamh, nó le barántas arna eisiúint, más ann, faoin alt seo agus faoi alt 23NA(1).

(6) Measfar gur tugadh, nó gur taispeánadh, do dhuine cóip d'ordú cúraim speisialta eatramhach nó d'ordú a rinneadh, nó de bharántas a eisíodh, faoi fho-alt (4) má bhí an duine sin i láthair ag an suí den Ard-Chúirt ina ndearnadh an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin nó an t-ordú sin nó inar eisíodh an barántas sin.

(7) Murab eol d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ainm linbh ar ina leith a dhéantar an t-iarratas ar ordú cúraim speisialta eatramhach, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-iarratas ar an ordú cúraim speisialta eatramhach a dhéanamh gan an leanbh a ainmniú agus beidh san iarratas cibé faisnéis i leith an linbh a chumasófar é nó í a aithint chun críocha an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh.

Orduithe
cúraim
speisialta
eatramhacha
arna
ndéanamh *ex
parte*:
forálacha
forlíontacha.

23M.—(1) Más rud é, de réir alt 23L(3), go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach de bhun iarratais *ex parte*—

(a) ceapfaidh an Ard-Chúirt lá ar a mbeidh éisteacht iarratais ar ordú cúraim speisialta eatramhach, iar bhfógra do dhaoine dá dtagraítear in alt 23G(1), le cur ar ais chun na hArd-Chúirte, agus, faoi réir fho-alt (7), ní bheidh an lá a cheapfar le haghaidh na héisteachta sin níos déanaí ná 8 lá ón lá a dhéanfar an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin de bhun an iarratais *ex parte*.

(b) ordóidh an Ard-Chúirt, faoi réir ordacháin faoi fho-alt (2), cóip a dhéanamh den ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh de bhun

an iarratais *ex parte*, agus, faoi réir fho-alt (3), fógra maidir leis an éisteacht dá dtagraítear i mír (a) a sheirbheáil ar dhuine dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d'alt 23G(1), de réir na míreanna sin,

- (c) ordóidh an Ard-Chúirt, i gcás go ndéanfaidh sí ceapachán faoi alt 26 (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011) maidir leis na himeachtaí, cóip den ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh de bhun an iarratais *ex parte* agus fógra maidir leis an éisteacht dá dtagraítear i mír (a) a sheirbheáil ar dhuine a cheapfar faoin alt sin, agus
- (d) féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go gcuirfear in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2) agus in alt 23G(5) go bhfuil an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin déanta agus go mbeidh an éisteacht dá dtagraítear i mír (a) ann,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú faisnéis agus doiciméid eile a sheirbheáil ar na daoine sin agus féadfaidh sí cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint do na himthosca uile.

(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag féachaint don cheartas nó do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh a chosaint, a ordú gan cóip den ordú cúraim speisialta eatramhach dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) a sheirbheáil ar dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b).

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, maidir leis an éisteacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), ordachán a dhéanamh faoi alt 23G(6).

(4) Maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) féadfaidh sí a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2) go mbeidh an éisteacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) ann, agus
- (b) déanfaidh sí, chun críocha na héisteachta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) agus faoi réir ordacháin faoi fho-alt (2), gach beart atá ar fáil di le réasún chun teacht ar dhuine dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d'alt 23G(1).

(5) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach ag an éisteacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), déanfaidh sí, le linn di an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin a shonrú, de réir alt 23L(2), an tréimhse ar lena linn a bhí éifeacht leis an ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh de bhun an iarratais *ex parte* a chur i gcuntas agus, de réir alt 23L(2), ní faide ná 14 lá tréimhse charnach an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh chéadluaite agus an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh arna dhéanamh de bhun an iarratais *ex parte*.

(6) Más rud é, ag an éisteacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), go ndéanfaidh an Ard-Chúirt—

(a) ordú cúraim speisialta eatramhach, scoirfidh an t-ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh de bhun an iarratais *ex parte* d'éifeacht a bheith leis díreach tar éis an t-ordú cúraim speisialta eatramhach céadluaite a dhéanamh, nó

(b) diúltú ordú cúraim speisialta eatramhach a dhéanamh, déanfaidh sí an t-ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh de bhun an iarratais *ex parte* a urscaoileadh.

(7) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach de bhun iarratais *ex parte* go ceann tréimhse is giorra ná 8 lá, ní bheidh an lá a cheapfar le haghaidh na héisteachta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) níos déanaí ná deireadh na tréimhse ar faoina ceann a dhéantar an t-ordú sin.

(8) Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh an Ard-Chúirt ordacháin a thabhairt de réir mar a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh maidir le hiarratas arna dhéanamh *ex parte* ar ordú cúraim speisialta eatramhach agus maidir leis an éisteacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), lena n-áirítear ordacháin a bhainfidh le cóip a sheirbheáil den ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh *ex parte* nó de bhun na héisteachta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a).

An tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta eatramhach.

23N.—(1) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith linbh agus nach mbeidh cinneadh déanta fós ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 23F i leith an linbh sin ach gur deimhin léi go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint go bhfuil na coinníollacha a shonraítear i míreanna (a) go (e) d'alt 23J(1) comhlíonta i leith an linbh, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoi réir fho-ailt (2) agus (8), iarratas chun na hArd-Chúirte chun an tréimhse a fhadú ar lena linn atá

éifeacht leis an ordú cúraim speisialta eatramhach, d'fhonn leanúint de chúram speisialta a sholáthar don leanbh sin.

(2) Ní ceadmhach ach iarratas amháin a dhéanamh faoin alt seo.

(3) Faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), is iar bhfógra do na daoine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar iarratas faoin alt seo.

(4) Maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

(a) féadfaidh sí, i gcás go measfaidh sí gur cuí é i leith imthosca an linbh, a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2), agus

(b) déanfaidh sí, i gcás go ndearnadh ordachán faoi alt 23NA(2)(b), a chur in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin,

go bhfuil iarratas déanta faoin alt seo.

(5) Is roimh dhul in éag don tréimhse a bheidh sonraithe san ordú cúraim speisialta eatramhach de réir alt 23L(2) a dhéanfar iarratas faoin alt seo.

(6) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint—

(a) go bhfuil gach beart atá ar fáil di le réasún á dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cinneadh a dhéanamh i leith an linbh faoi alt 23F,

(b) go bhfuil na coinníollacha a shonraítear i míreanna (a) go (e) d'alt 23J(1) comhlíonta maidir leis an leanbh, agus

(c) go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh leanúint dá choinneáil nó dá coinneáil in aonad cúraim speisialta,

féadfaidh an Ard-Chúirt, faoi réir fho-ailt (7) agus (8), an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta eatramhach, agus féadfaidh an Ard-Chúirt, ag féachaint d'imthosca uile an linbh, an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú agus cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh.

(7) Ní faide ná 21 lá fadú na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

(8) Ní ceadmhach iarratas a dhéanamh chun an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta eatramhach maidir le hordú cúraim speisialta eatramhach dá dtagraítear in alt 23L(3), ar ordú é a bheidh déanta de bhun iarratais *ex parte* agus nach mbeidh an éisteacht dá dtagraítear in alt 23M(1)(a) déanta ina leith.

(9) I gcás go bhfadóidh an Ard-Chúirt an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta eatramhach (dá ngairtear ‘an tréimhse fhadaíthe’ san alt seo), beidh éifeacht leis an tréimhse fhadaíthe láithreach tar éis dul in éag don tréimhse a bheidh sonraithe, de réir alt 23L(2), san ordú cúraim speisialta eatramhach.

(10) I gcás go mbeidh ordú déanta faoi alt 23NA(1) i leith linbh is ábhar d’iarratas faoin alt seo, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tréimhse a fhadú ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin.

(11) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh agus a éisteacht i leith linbh a bheidh, de bhun alt 23NF, lasmuigh den Stát chun na críche dá dtagraítear in alt 23NF(2)(c).

Ailt 23H agus
23L: forálacha
forlíontacha.

23NA.—(1) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta ag an Ard-Chúirt i leith linbh, féadfaidh sí, ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ordú a dhéanamh ar feadh na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta sin nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach sin, lena n-ordaítear don Gharda Síochána, nuair a iarrfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é, cuardach a dhéanamh le haghaidh an linbh agus teacht air nó uirthi agus an leanbh a thabhairt suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, más rud é, maidir leis an leanbh—

- (a) go ndéanfar, gan údarás dleathach nó toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó i ngan fhios di, é nó í a aistriú as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó as aonad cúraim speisialta,
- (b) go n-éalóidh sé nó sí as aonad cúraim speisialta nó as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (c) go mainneoidh sé nó sí filleadh nó go gcoisctear air nó uirthi filleadh—
 - (i) ar aonad cúraim speisialta, nó

(ii) ar choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

nó

(d) go mbeidh sé nó sí ar iarraidh nó as láthair ar shlí eile, gan toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó i ngan fhios di, as aonad cúraim speisialta nó as áit chun ar scaoileadh é nó í faoi alt 23NF nó 23NG.

(2) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach, féadfaidh an Ard-Chúirt, ag féachaint don cheartas nó do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh a chosaint, uathí féin nó ar iarratas a fháil ó thuismitheoir, ó chaomhnóir de chuid an linbh, ó dhuine *in loco parentis* nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

(a) féadfaidh sí, chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint—

(i) ordacháin a thabhairt i ndáil le seoladh an aonaid cúraim speisialta a choimeád siar ó dhuine ainmnithe,

(ii) ordacháin a thabhairt i ndáil le rochtain, más ann, ar an leanbh ag duine ainmnithe agus leis na coinníollacha faoina mbeidh an rochtain sin le ceadú, agus

(iii) a ordú, d'ainneoin ailt 23I(2), 23J(3), 23N(3), 23NE(6), 23NE(7), 23NE(8), 23NF(4) agus 23NG(3), maidir le hathbhreithniú faoi alt 23I agus le hiarratas faoi ailt 23J, 23N, 23NE, 23NF agus 23NG, nó faoi aon alt díobh sin, gur ar shlí seachas iar bhfógra do dhuine ainmnithe a dhéanfar iad, is duine dá dtugtar fógra de bhun na n-alt sin i dtaobh an athbhreithnithe sin nó an iarratais sin,

agus

(b) féadfaidh sí, i gcás go mbeidh ordachán tugtha aici faoi alt 23G(5), chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, a ordú, maidir leis an duine dá dtagraítear san fho-alt sin, go gcuirfear athbhreithniú faoi alt 23I agus iarratas faoi ailt 23J, 23N, 23NE, 23NF agus 23NG, nó faoi aon cheann díobh, in iúl dó nó di.

(3) I gcás go ndéanann an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach agus, sula ndearnadh an t-ordú sin, nach raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ábalta teacht ar na daoine seo a leanas—

- (a) tuismitheoir a bhfuil an leanbh lena mbaineann faoina choimeád nó faoina coimeád,
- (b) caomhnóir de chuid an linbh, más ann, nó
- (c) duine *in loco parentis*,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gach beart atá ar fáil di le réasún chun teacht ar an tuismitheoir, ar an gcaomhnóir nó ar an duine sin agus, faoi réir ordacháin faoi fho-alt (2)(a) agus alt 23M(2), nó aon ordaithe nó ordacháin eile ón Ard-Chúirt, na nithe seo a leanas a chur in iúl dó nó di—

- (i) go bhfuil ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith an linbh, agus na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an ordú sin,
- (ii) ainm agus suíomh an aonaid cúraim speisialta ina bhfuil an leanbh á choinneáil nó á coinneáil, agus
- (iii) ordú arna dhéanamh, nó barántas arna eisiúint, más ann, faoi alt 23H nó 23L, nó ordú, más ann, arna dhéanamh faoi fho-alt (1), agus ordachán, más ann, arna dhéanamh faoi fho-alt (2).

(4) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordachán dá dtagraítear i bhfo-alt 23G(6) agus, tar éis an ordacháin sin, go déanfaidh sí ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh, faoi réir an ordacháin sin, nó faoi réir ordaithe nó ordacháin eile ón Ard-Chúirt, lena n-áirítear ordachán dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a), déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gach beart atá ar fáil di le réasún chun na nithe seo a leanas a chur in iúl don tuismitheoir nó don duine sin—

- (a) go bhfuil an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith an linbh agus na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an ordú sin,
- (b) ainm agus suíomh an aonaid cúraim speisialta ina bhfuil an leanbh á choinneáil nó á coinneáil, agus

- (c) ordú arna dhéanamh, nó barántas arna eisiúint, más ann, arna dhéanamh faoi alt 23H, nó 23L, nó ordú, más ann, arna dhéanamh faoi fho-alt (1), agus ordachán, más ann, arna dhéanamh faoi fho-alt (2).

(5) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena gceanglaítear ar thuismitheoir, nó ar an dá thuismitheoir, suim airgid a íoc le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar ranníoc faoi chomhair chostas cothabhála an linbh, i ngach seachtain nó tréimhse eile agus is iar bhfógra don thuismitheoir lena mbaineann, nó dóibh araon, a dhéanfar an t-iarratas.

(6) Más rud é—

- (a) go ndéanfar iarratas faoi fho-alt (5), beidh aird ag an Ard-Chúirt ar acmhainn tuismitheora, nó an dá thuismitheoir, agus i gcás go ndéanfaidh sí an t-ordú féadfaidh sí ordacháin a thabhairt agus cibé foráil eile a dhéanamh a mheasfaidh sí is gá, agus

- (b) go ndéanfaidh an Ard-Chúirt an t-ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (5), féadfaidh tuismitheoir, nó an dá thuismitheoir, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun an t-ordú i gcomhair íoc na suime airgid dá dtagraítear i bhfo-alt (5) a athrú nó a urscaoileadh.

(7) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta eatramhach, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is féidir, gach beart atá ar fáil di le réasún chun cinneadh a dhéanamh i leith an linbh lena mbaineann, faoi réim agus de réir alt 23F.

(8) Measfar gur tugadh nó gur taispeánadh cóip d'ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) do dhuine má bhí an duine sin i láthair ag an suí den Ard-Chúirt ina ndearnadh an t-ordú sin.

(9) Féadfar ré na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú arna dhéanamh faoi fho-alt (1) a fhadú le hiarratas faoi alt 23J nó 23N.

Teip teacht ar leanbh.

23NB.—(1) Más rud é maidir le leanbh a mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta ina leith, nár thángthas air nó uirthi laistigh de 3 lá ó dháta déanta an ordaithe sin, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, iar bhfógra do na daoine dá

dtagraítear i bhfo-alt (3), fógra a thabhairt don Ard-Chúirt a luaithe is indéanta tar éis dul in éag na tréimhse 3 lá sin, á rá nár thángthas ar an leanbh agus cad iad na bearta go léir a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána, agus a bheartaíonn siad a dhéanamh, chun teacht ar an leanbh.

(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt, tar éis an fógra faoi fho-alt (1) a fháil, ordacháin a thabhairt agus cibé foráil eile a dhéanamh i ndáil leis an ordú sin agus le forghníomhú an ordaithe sin a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh.

(3) Faoi réir ordacháin dá dtagraítear in alt 23G(6) nó 23M(2), agus alt 23NA(2)(a), is iar bhfógra do dhuine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a thabharfar fógra faoi fho-alt (1).

(4) I gcás go ndearnadh ordachán faoi alt 23NA(2)(b), cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin gur tugadh an fógra faoin alt seo.

(5) I gcás go measfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cuí é i leith imthosca an linbh, féadfaidh sí a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2) gur tugadh fógra faoin alt seo.

Achomharc agus ordú a bhac.

23NC.—Más rud é go ndéanfar achomharc i gcoinne na nithe seo a leanas—

(a) ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach, nó

(b) fadú faoi alt 23J nó 23N,

féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfar an t-ordú cúraim speisialta, an t-ordú cúraim speisialta eatramhach nó an fadú a bhac go dtí go n-éistfear agus go gcinnfear an t-achomharc.

Feidhmeanna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le linn cúram speisialta a sholáthar.

23ND.—(1) I gcás go mbeidh éifeacht le hordú cúraim speisialta nó le hordú cúraim speisialta eatramhach, maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

(a) beidh an rialú céanna aici ar an leanbh a bheadh aici dá mba dhuine de thuismitheoirí an linbh sin í,

(b) déanfaidh sí cibé rud atá réasúnach, faoi réir na Coda seo, chun sláinte, forbairt nó leas an linbh a chur chun cinn agus chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, ag féachaint d'imthosca uile an linbh,

- (c) beidh d'údarás aici breith a thabhairt maidir leis an gcúram speisialta a bheidh le soláthar don leanbh, ag féachaint dá riachtanais chúraim agus maidir leis an aonad cúraim speisialta ina mbeidh leanbh le coinneáil,
- (d) beidh d'údarás aici toiliú a thabhairt maidir le haon scrúdú nó measúnú liachta nó síciatrach nó aon chóireáil liachta nó shíciatrach i leith an linbh,
- (e) beidh d'údarás aici toiliú a thabhairt maidir le hiarratas a dhéanamh ar phas le haghaidh an linbh, agus le pas a eisiúint chuig an leanbh, nó le saoráidí pas a sholáthar don leanbh, d'fhonn—
 - (i) measúnú agus scrúdú liachta nó síciatrach agus cóireáil liachta nó shíciatrach a fháil lasmuigh den Stát,
 - (ii) a cheadú don leanbh cónaí lasmuigh den Stát le tuismitheoir nó le gaol, nó
 - (iii) an measúnú, an scrúdú agus an chóireáil sin dá dtagraítear i bhfomhír (i) a fháil agus an cónaí sin dá dtagraítear i bhfomhír (ii) a cheadú,

de réir alt 23NF, agus

- (f) déanfaidh sí gach beart atá ar fáil di le réasún chun a chosc ar an leanbh éalú as an aonad cúraim speisialta nó as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(2) I gcás go mbeidh a toiliú tugtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir an ailt seo, beidh an toiliú sin ina údarás leordhóthanach chun aon mheasúnú nó scrúdú liachta nó síciatrach a dhéanamh, nó chun cóireáil liachta nó shíciatrach a sholáthar don leanbh, nó chun pas a eisiúint nó chun saoráidí pas a sholáthar.

(3) Ní fhorléireofar aon ní i bhfo-alt (1)(d) nó (2) mar ní a lena gcuirtear ó éifeacht aon toiliú a bheadh éifeachtach dá mba rud é nár achtaíodh na forálacha sin.

(4) I gcás go mbeidh leanbh á choinneáil nó á coinneáil in aonad cúraim speisialta, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) ó am go ham, leanúint dá riachtanais chúraim a mheasúnú, agus

(b) tar éis di measúnú dá dtagraítear i mír
(a) a dhéanamh, ó am go ham—

(i) éifeacht an chúraim speisialta atá á sholáthar don leanbh a mheasúnú i ndáil lena riachtanais chúraim, le hiompar an linbh agus leis an mbaol díobhála a ghabhann leis an iompar sin, agus

(ii) a dheimhniú di féin go bhfuil cúram speisialta ag teastáil ón leanbh i gcónaí chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an iompar sin agus ar an mbaol díobhála sin agus ar na riachtanais chúraim sin.

(5) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta chun na críche dá dtagraítear in alt 23NF(2)(c), de réir alt 23NF.

(6) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanbh a aistriú ó aonad cúraim speisialta amháin chuig aonad cúraim speisialta eile.

(7) I gcás go mbeartóidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanbh a aistriú chuig aonad cúraim speisialta eile, faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

(a) fógra a thabhairt, faoi réir mhír (b)—

(i) do thuismitheoir a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád, mura rud é go bhfuil an thuismitheoir marbh nó ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi, agus

(ii) do chaomhnóir, más ann, de chuid an linbh mura rud é go bhfuil an caomhnóir ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi,

maidir lena bhfuil beartaithe aici, nó

(b) i gcás gur gá an t-aistriú ar mhaithe le sábháilteacht láithreach an linbh, fógra a thabhairt—

(i) do thuismitheoir a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád, mura rud é go bhfuil an thuismitheoir marbh nó ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi, agus

(ii) do chaomhnóir, más ann, de chuid an linbh mura rud é go bhfuil an

caomhnóir ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi,

maidir le suíomh an aonaid cúraim speisialta chun a mbeidh an leanbh aistrithe.

(8) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun críocha fho-alt (7), gach beart atá ar fáil di le réasún chun teacht ar dhuine dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (7).

Ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh agus a athrú.

23NE.—(1) I gcás go mbeidh éifeacht le hordú cúraim speisialta nó le hordú cúraim speisialta eatramhach agus gur deimhin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil cúis réasúnach chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil riachtanais chúraim an linbh athraithe agus nach dteastaíonn cúram speisialta ón leanbh a thuilleadh, nó
- (b) nach bhfuil cúram speisialta ag dul chun sochair don leanbh,

déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoi réir fho-alt (6), iarratas chun na hArd-Cúirte chun an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh.

(2) Scoirfidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach d'éifeacht a bheith leis nuair a bheidh 18 mbliana d'aois slánaithe ag an leanbh ar ina leith a rinneadh é.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, faoi réir fho-alt (7) agus (8), ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh—

- (a) uaithi féin,
- (b) ar iarratas a fháil ó thuismitheoir an linbh, ó chaomhnóir an linbh nó ó dhuine *in loco parentis*, nó
- (c) ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bhun alt 23D nó 23E, nó dá mbun sin araon.

(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú—

- (a) uaithi féin,
- (b) ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó
- (c) ar iarratas a fháil ó dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(b).

(5) Le linn di iarratas a bhreithniú chun ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh nó a athrú faoin alt seo, seachas iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(c), deimhneoidh an Ard-Chúirt di féin go bhfuil an t-urscaoileadh nó an t-athrú ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint dá iompar nó dá hiompar agus don bhaol díobhála a ghabhann leis an iompar sin do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

(6) Is iar bhfógra do na daoine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1), (3)(c) nó (4)(b), faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), agus más rud é—

(a) go mbeidh ordachán déanta faoi alt 23NA(2)(b), cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin go ndearnadh an t-iarratas, agus

(b) gur deimhin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cuí é i leith imthosca an linbh, féadfaidh sí a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2) go ndearnadh an t-iarratas.

(7) Is iar bhfógra d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na daoine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(a) nó (4)(a), faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), agus—

(a) i gcás go mbeidh ordachán déanta faoi alt 23NA(2)(b), cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin go ndearnadh an t-iarratas, agus

(b) i gcás gur deimhin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cuí é in imthosca an linbh, féadfaidh sí an méid sin a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2).

(8) Is iar bhfógra d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus, faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), do na daoine, seachas an duine a dhéanann an t-iarratas, dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1) agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(b) nó (4)(c), agus—

(a) féadfaidh an duine a dhéanann an t-iarratas a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2) go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh, agus

- (b) i gcás go mbeidh ordachán déanta faoi alt 23NA(2)(b), féadfaidh an duine a dhéanann an t-iarratas, a chur in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.

Scaoileadh as aonad cúraim speisialta faoi ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach.

23NF.—(1) D’ainneoin leanbh a choinneáil in aonad cúraim speisialta de bhun ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun an t-ordú cúraim speisialta sin nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin a athrú d’fhonn a údarú an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta chun gach ceann nó aon cheann de na críocha dá dtagraítear i bhfo-alt (2).

- (2) Is iad na críocha dá dtagraítear i bhfo-alt (1):

- (a) an leanbh a chur in ionad cónaithe do leanaí nó a cheadú don leanbh cónaí le tuismitheoir nó le gaol, lena n-áirítear tuismitheoir nó gaol a chónaíonn lasmuigh den Stát, ar feadh tréimhse sonraithe de réir mar a mheasfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte is cuí, ag féachaint do riachtanais chúraim an linbh;
- (b) scrúdú nó measúnú liachta nó síciatrach nó cóireáil liachta nó shíciatrach a sholáthar don leanbh;
- (c) scrúdú nó measúnú liachta nó síciatrach nó cóireáil liachta nó shíciatrach a sholáthar lasmuigh den Stát don leanbh;
- (d) an leanbh a scaoileadh ar fhorais atruacha;
- (e) turais oideachasúla agus áineasa as an aonad cúraim speisialta;
- (f) leas an linbh a chur chun cinn, ag féachaint dá riachtanais chúraim, agus aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar a iompar nó a hiompar agus ar an mbaol díobhála a ghabhann leis an iompar sin do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d’fhorbairt nó do leas an linbh.

- (3) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh—

- (a) le hiarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach,
- (b) in athbhreithniú faoi alt 23I,

(c) le hiarratas faoi alt 23J nó 23N, nó

(d) aon tráth eile i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

(4) Faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), is iar bhfógra do na daoine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(d).

(5) I gcás go measfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cuí é i leith imthosca an linbh, féadfaidh sí a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(2) go bhfuil iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(d) déanta.

(6) I gcás go mbeidh ordachán déanta faoi alt 23NA(2)(b) maidir le hiarratas faoin alt seo, cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin go bhfuil iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(d) déanta.

(7) Féadfaidh an Ard-Chúirt—

(a) an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú chun a údarú an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach, chun gach ceann nó aon cheann de na críocha dá dtagraítear i bhfo-alt (2), i gcás gur deimhin léi go bhfuil sé riachtanach an leanbh a scaoileadh chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, agus go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh,

(b) cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt maidir leis an scaoileadh a mheasfaidh an Ard-Chúirt a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'imthosca uile an linbh, agus

(c) gan dochar do ghinearáltacht mhíreanna (a) agus (b), an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú ar feadh tréimhse sonraithe nó ar feadh lín tréimhsí sonraithe agus féadfaidh sí cibé téarmaí agus coinníollacha a áireamh ann a mheasfaidh an Ard-Chúirt a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh, ag féachaint d'imthosca uile an linbh,

(8) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (7), féadfar, le hathrú faoin alt seo, foráil a dhéanamh maidir le cúram a thabhairt don leanbh le linn é nó í a bheith scaoilte agus, más rud é go scaoilfear é nó í—

- (a) chun na críche dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c), nó
- (b) chun na críche dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) agus gur lasmuigh den Stát a chónaíonn an tuismitheoir nó an gaol lena mbaineann,

féadfar foráil a dhéanamh, leis an athrú nó leis an ordachán—

- (i) maidir leis an gcríoch dá dtagraítear i mír (a), go gcuirfear an leanbh in áit shonraithe ina mbeidh an scrúdú, an chóireáil nó an measúnú sin le soláthar don leanbh, nó
- (ii) maidir leis an gcríoch dá dtagraítear i mír (b), le haghaidh aon ní a bhainfidh le cónaí an linbh leis an tuismitheoir nó leis an ngaol lena mbaineann.

(9) D'ainneoin fho-alt (1), féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanbh a scaoileadh as aonad cúraim speisialta, más rud é—

- (a) go mbeidh cóireáil, measúnú nó scrúdú liachta ag teastáil ón leanbh láithreach, nó
- (b) gur gá é nó í a scaoileadh láithreach ar fhorais atruacha.

(10) Tar éis scaoileadh dá dtagraítear i bhfo-alt (9), déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

- (a) an scaoileadh agus na cúiseanna atá leis a chur in iúl, a luaithe is indéanta, don Ard-Chúirt,
- (b) faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), an scaoileadh agus na cúiseanna atá leis a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(1)(a) a luaithe is féidir, mura rud é go bhfuil sé nó sí marbh nó ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi, agus
- (c) más cuí i leith imthosca an linbh agus faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), an scaoileadh agus na cúiseanna atá leis a chur in iúl do dhuine dá dtagraítear in alt 23G(1)(b) a luaithe is féidir, mura rud é go bhfuil sé nó sí

marbh nó ar iarraidh nó mura féidir teacht air nó uirthi.

(11) I gcás gur scaoileadh leanbh as aonad cúraim speisialta faoi fho-alt (9) agus go measann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cúf é, ag féachaint d'imthosca an linbh, féadfaidh sí, faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), an scaoileadh agus na cúiseanna atá leis a chur in iúl d'aon duine eile, lena n-áirítear duine dá dtagraítear in alt 23G(2).

(12) I gcás gur scaoileadh leanbh faoi fho-alt (9) agus go mbeidh ordachán déanta faoi alt 23NA(2)(b) i leith iarratais faoin alt seo, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an scaoileadh faoin alt seo a chur in iúl don duine ar ina leith a rinneadh an t-ordachán sin.

(13) I gcás gur scaoileadh leanbh chun na críche dá dtagraítear i bhfo-alt (9)(a), féadfaidh an leanbh fanacht san áit a mbeidh an chóireáil, an measúnú nó an scrúdú sin á soláthar nó á sholáthar dó nó di, go ceann cibé tréimhse is gá le haghaidh na cóireála, an mheasúnaithe nó an scrúdaithe sin.

(14) I gcás gur scaoileadh leanbh as an aonad cúraim speisialta de bhun an ailt seo, lena n-áirítear scaoileadh dá dtagraítear i bhfo-alt (9), déanfar tréimhse an scaoilte lena mbaineann a áireamh sa tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

(15) Gan dochar do ghinearáltacht fho-ailt (7) agus (8), i gcás go scaoiltear leanbh as an aonad cúraim speisialta—

(a) chun na críche dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c), nó

(b) chun na críche dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) agus go gcónaíonn an tuismitheoir nó an gaol lena mbaineann lasmuigh den Stát,

deimhneoidh an Ard-Chúirt di féin na tosca uile is iomchuí maidir le leas an linbh—

(i) maidir le scrúdú nó measúnú liachta nó síciatrach nó cóireáil liachta nó shíciatrach a sholáthar don leanbh lasmuigh den Stát, is soláthar dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c), nó

(ii) maidir le cónaí an linbh le tuismitheoir nó le gaol, is cónaí dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a), lasmuigh den Stát,

sula n-athróidh sí an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach lena mbaineann.

Scaoileadh as
aonad cúraim
speisialta chun
críocha ailt
23D agus 23E.

23NG.—(1) D’ainneoin leanbh a choinneáil in aonad cúraim speisialta de bhun ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun an t-ordú cúraim speisialta sin nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin a athrú d’fhonn a údarú an leanbh a scaoileadh as an aonad cúraim speisialta chun gach ceann nó aon cheann de na críocha seo a leanas:

- (a) chun na gcríoch dá dtagraítear in alt 23D(3)(c);
 - (b) chun na gcríoch dá dtagraítear in alt 23D(4)(i) agus alt 23D(5);
 - (c) chun aon téarmaí, aon choinníollacha agus aon cheanglais eile a ghabhann le hordú faoi Acht na Leanaí dá dtagraítear in ailt 23E(5)(i), 23E(8) agus 23E(13) a chomhlíonadh;
 - (d) chun aon téarmaí, aon choinníollacha agus aon cheanglais eile a ghabhann le hordú coinneála leanaí a bhfuil a dhéanamh iarchurtha faoi alt 144 d’Acht 2001, dá dtagraítear in ailt 23E(4)(i), 23E(8) agus 23E(12), a chomhlíonadh;
 - (e) chun aon téarmaí, aon choinníollacha agus aon cheanglais eile a chomhlíonadh a ghabhann le tréimhse choinneála dá dtagraítear in ailt 23E(4)(i), 23E(8) agus 23E(12) a chur ar fionraí faoi alt 144(9)(b) d’Acht 2001;
 - (f) chun pianbhreith fhionraithe faoi choimeád dá dtagraítear in ailt 23E(3)(i), 23E(8) agus 23E(11) a chomhlíonadh;
 - (g) chun na gcríoch dá dtagraítear in alt 23E(6);
 - (h) chun aon chríche eile ar gá an leanbh a scaoileadh de bhun alt 23D nó 23E ina leith.
- (2) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh—
- (a) le hiarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, in athbhreithniú faoi alt 23I nó le hiarratas faoi alt 23J nó 23N, nó
 - (b) aon tráth eile i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta nó le hordú cúraim speisialta eatramhach.

(3) Faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), is iar bhfógra do na daoine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 23G(1), agus de réir na míreanna sin, a dhéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b).

(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú chun a údarú an leanbh a scaoileadh as an ionad cúraim speisialta i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach chun gach ceann nó chun aon cheann de na críocha dá dtagraítear i bhfo-alt (1),
- (b) cibé foráil eile a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt maidir leis an scaoileadh faoin alt seo a mheasfaidh an Ard-Chúirt, ag féachaint d'imthosca uile an linbh, a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh,
- (c) gan dochar do ghinearáltacht mhíreanna (a) agus (b), an t-ordú cúraim speisialta nó an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a athrú go ceann tréimhse sonraithe nó lín tréimhsí sonraithe agus féadfaidh an Ard-Chúirt téarmaí agus coinníollacha a áireamh ann a mheasfaidh sí, ag féachaint d'imthosca uile an linbh, a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh,

agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, i gcás gur scaoileadh chun na geríoch dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (1) an scaoileadh nó chun aon chríche eile chun ar gá an leanbh a scaoileadh de bhun alt 23D, is de réir alt 23D(3) a dhéanfar an t-athrú.

(5) I gcás go scaoilfear leanbh as an aonad cúraim speisialta de bhun an ailt seo, áireofar tréimhse an scaoilte sa tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

Imeachtaí a éisteacht.

23NH.—Is ar shlí seachas go poiblí a éistfear imeachtaí faoin gCuid seo.

Leanbh a thabhairt ar ais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in imthosca áirithe.

23NI.—(1) Más rud é, maidir le leanbh a mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta ina leith—

- (a) go n-aistreofar é nó í, gan údarás dleathach nó toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó i ngan fhios di,

as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó as aonad cúraim speisialta,

(b) go n-éalóidh sé nó sí as aonad cúraim speisialta nó as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(c) go mainneoidh sé nó sí filleadh, nó go gcoiscfear air nó uirthi filleadh,—

(i) ar aonad cúraim speisialta, nó

(ii) ar choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

nó

(d) go mbeidh sé nó sí ar iarraidh nó as láthair ar shlí eile, gan toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó i ngan fhios di, ón aonad cúraim speisialta nó ó áit chun ar scaoileadh é nó í de réir alt 23NF nó 23NG,

iarrfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an nGarda Síochána cuardach a dhéanamh le haghaidh an linbh agus an leanbh a thabhairt ar ais faoi choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(2) I gcás go mbeidh iarraidh déanta de réir fho-alt (1), féadfaidh an Garda Síochána gach beart réasúnach a dhéanamh chun déanamh de réir na hiarrata.

(3) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun a chreidiúint gur féidir le duine leanbh dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thabhairt i láthair, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú lena n-ordaítear don duine sin an leanbh a thabhairt faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(4) I gcás go ndéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3) agus gur deimhin leis an Ard-Chúirt, ó fhaisnéis ar mhionn, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint gur féidir le duine a bheidh sonraithe san fhaisnéis an leanbh sin a thabhairt i láthair, féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh lena n-ordaítear don duine sin an leanbh a thabhairt suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus féadfaidh sí, chun críocha an ordaithe sin, ordacháin a thabhairt de réir mar a mheasfaidh sí a bheith riachtanach agus ar mhaithe le leas an linbh.

(5) Measfar gur tugadh nó gur taispeánadh cóip de bharántas a eisíodh faoi fho-alt (6) do dhuine má bhí an duine sin i láthair ag an suí den Ard-Chúirt inar eisíodh an barántas.

(6) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt, ó fhaisnéis ar mhionn, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil leanbh dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus atá ainmnithe san iarratas, i dteach nó in áit eile, lena n-áirítear aon fhoirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh, puball, carbhán nó déanamhas sealadach nó soghluaiste eile, feithicil, soitheach nó aerárthach, a bheidh sonraithe san fhaisnéis, féadfaidh an Ard-Chúirt ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith linbh dá dtagraítear i bhfo-alt (1), barántas a eisiúint lena n-údaraithe do chomhalta den Gharda Síochána, fara cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána nó cibé daoine eile is gá, dul isteach, le forneart más gá, in aon teach nó áit eile a bheidh sonraithe sa bharántas agus ina bhfuil an leanbh, nó a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé nó sí ann, agus cuardach a dhéanamh ar an teach nó an áit, agus an leanbh a thabhairt ar ais faoi choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(7) Féadfar iarratas ar ordú faoi fho-alt (3) a dhéanamh *ex parte* agus féadfar é a éisteacht, más deimhin leis an Ard-Chúirt—

- (a) gur ábhar práinneach an t-ábhar,
- (b) gur gá sin chun beatha, sláinte, sábháilteacht, forbairt nó leas an linbh a chosaint, nó
- (c) go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.

(8) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil baol láithreach tromaí ann do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas linbh dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus
- (b) nár leor chun an leanbh sin a chosaint ar an mbaol láithreach tromaí sin fanacht go dtí go ndéanfaí iarratas ar bharántas faoi fho-alt (6),

féadfaidh an comhalta, fara cibé daoine eile is gá, dul isteach, le forneart más gá, gan bharántas, in aon teach nó áit eile, lena n-áirítear aon fhoirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh, puball, carbhán nó déanamhas sealadach nó soghluaiste eile, feithicil, soitheach nó aerárthach, agus an leanbh a thabhairt ar lámh shábhála agus an

leanbh a thabhairt ar ais faoi choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(9) Ní dochar fo-alt (8) d'aon chumhachtaí eile is infheidhmithe ag comhalta den Gharda Síochána.

(10) I gcás go dtabharfaidh comhalta den Gharda Síochána leanbh ar lámh shábhála de réir fho-alt (8), déanfar an leanbh a thabhairt ar ais faoi choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san aonad cúraim speisialta a shonróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Iarratais ar
orduithe
cúraim
speisialta nó ar
orduithe
cúraim
speisialta
eatramhacha i
gcoitinne.

23NJ.—(1) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní lena gcoiscfear ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, i leith linbh a bhí ina ábhar nó ina hábhar roimhe sin—

- (a) d'iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach,
- (b) d'ordú cúraim speisialta, bíodh go ndearnadh nó nach ndearnadh an tréimhse a raibh éifeacht leis lena linn a fhadú de réir alt 23J, nó
- (c) d'ordú cúraim speisialta eatramhach, bíodh gur fadaíodh nó nár fadaíodh, de réir alt 23N, an tréimhse ar lena linn a bhí éifeacht leis.

(2) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta déanta i leith linbh, bíodh gur fadaíodh nó nár fadaíodh, de réir alt 23J, an tréimhse ar lena linn a bhí, nó atá, éifeacht leis, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta eile i leith an linbh sin—

- (a) aon tráth tar éis don ordú cúraim speisialta céadluaite scor d'éifeacht a bheith leis, nó
- (b) i rith na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú cúraim speisialta céadluaite,

agus i gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt, de bhun iarratais dá dtagraítear i mír (b), an t-ordú cúraim speisialta, scoirfidh an t-ordú cúraim speisialta céadluaite d'éifeacht a bheith leis díreach tar éis an t-ordú cúraim speisialta sin a dhéanamh.

(3) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith linbh, bíodh gur fadaíodh nó nár fadaíodh, de réir alt 23N, an

tréimhse ar lena linn a bhí éifeacht leis, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta eatramhach eile i leith an linbh sin, faoi réir fho-alt (4), aon tráth tar éis don ordú cúraim speisialta eatramhach céadluaite scor d'éifeacht a bheith leis.

(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) i leith éisteachta, dá dtagraítear in alt 23M(1)(a), a sheolfar de bhun ordú cúraim speisialta a dhéanamh *ex parte*.

(5) I gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith linbh, bíodh gur fadaíodh nó nár fadaíodh, de réir alt 23N, an tréimhse ar lena linn a bhí, nó atá, éifeacht leis, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta i leith an linbh sin—

(a) aon tráth tar éis don ordú cúraim speisialta eatramhach scor d'éifeacht a bheith leis, nó

(b) i rith na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú cúraim speisialta eatramhach,

agus i gcás, maidir leis an Ard-Chúirt—

(i) go ndéanann sí, de bhun iarratais dá dtagraítear i mír (b), an t-ordú cúraim speisialta, scoirfidh an t-ordú cúraim speisialta eatramhach d'éifeacht a bheith leis, díreach tar éis an t-ordú cúraim speisialta sin a dhéanamh, nó

(ii) go ndiúltaíonn sí, de bhun iarratais dá dtagraítear i mír (b), an t-ordú cúraim speisialta a dhéanamh, déanfaidh sí an t-ordú cúraim speisialta eatramhach a urscaoileadh.

(6) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim speisialta, nó ar ordú cúraim speisialta eatramhach, i leith linbh atá, nó a bhí roimhe sin, ina ábhar nó ina hábhar d'ordú ón Ard-Chúirt, arbh é an éifeacht a bhí leis leanbh a choinneáil i gcóiríocht chónaithe dhaindean, agus féadfar an t-iarratas sin a dhéanamh, de réir na Coda seo—

(a) aon tráth tar éis don ordú sin ón Ard-Chúirt scor d'éifeacht a bheith leis, nó

(b) i rith na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú sin ón Ard-Chúirt,

agus i gcás go ndéanann an Ard-Chúirt, de bhun iarratais dá dtagraítear i mír (b), an t-ordú cúraim speisialta nó, de réir mar a bheidh, an t-ordú

cúraim speisialta eatramhach, tabharfaidh sí ordacháin maidir leis an ordú sin ón Ard-Chúirt do scor d'éifeacht a bheith leis.

Iarratas ar ordacháin.

23NK.—I gcás go mbeidh leanbh faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bhun ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh, féadfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) uaithi féin, nó
- (b) ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó thuismitheoir, ó chaomhnóir an linbh, nó ó ghaol,

ordacháin a thabhairt nó ordú a dhéanamh maidir le haon cheist a dhéanann difear do leas an linbh agus a mheasfaidh an Ard-Chúirt is cuí, agus féadfaidh sí aon ordachán nó ordú den sórt sin a athrú nó a urscaoileadh.

Orduithe láithreacha.

23NL.—(1) I gcás go mbeidh éifeacht le hordú láithreach i leith linbh an lá a dhéantar ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh sin, faoi réir fho-alt (2), beidh tosaíocht ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do sholáthar cúraim speisialta don leanbh sin ar an gcúram a sholáthraítear don leanbh de bhun an ordaithe láithrigh sin i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú cúraim speisialta nó leis an ordú cúraim speisialta eatramhach.

(2) I gcás go mbeidh éifeacht le hordú láithreach ar feadh tréimhse sonraithe, ní fhorléireofar aon ní i bhfo-alt (1) mar ní lena ndéantar difear don tréimhse sin.

(3) San alt seo, ciallaíonn ‘ordú láithreach’—

- (a) ordú cúraim eatramhach arna dhéanamh faoi alt 17,
- (b) ordú cúraim arna dhéanamh faoi alt 18,
- (c) ordú éigeandála arna dhéanamh faoi alt 13, nó
- (d) ordú maoirseachta arna dhéanamh faoi alt 19.

Faisnéis a sholáthar do dhaoine áirithe.

23NM.—(1) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó am go ham i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le hordú cúraim speisialta nó le hordú cúraim speisialta eatramhach agus faoi réir ordacháin faoi alt 23NA(2)(a), faisnéis a sholáthar—

- (a) do thuismitheoir a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád

mura rud é go mbeidh an tuismitheoir marbh, ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi, agus

- (b) do chaomhnóir de chuid an linbh mura rud é go mbeidh an caomhnóir ar iarraidh nó nach féidir teacht air nó uirthi, nó do ghaol,

a bhaineann leis an leanbh, ag féachaint don chúram speisialta a sholáthraítear dó nó di, dá riachtanais chúraim, d'iompar an linbh roimh an gcúram speisialta a sholáthar agus don bhaol a ghabhann leis an iompar do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

(2) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun críocha fho-alt (1), gach beart atá ar fáil di le réasún chun teacht ar dhuine dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1).

(3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), foláionn faisnéis a sholáthraítear de bhun an fho-ailt sin faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) sochair chúraim speisialta, ag féachaint do riachtanais chúraim an linbh, agus

- (b) teagmhas, más ann, i ndáil leis an leanbh—

- (i) a tharla san aonad cúraim speisialta nó le linn tréimhse a raibh an leanbh arna scaoileadh lena linn as an aonad cúraim speisialta de bhun alt 23NF nó 23NG, agus

- (ii) a raibh, nó ar dócha go mbeidh, droch-éifeacht aige ar an leanbh.

Meastóireacht a iarraidh ar an gcúram speisialta a sholáthraítear don leanbh.

23NN.—(1) Féadfaidh tuismitheoir leanbh atá ina ábhar nó ina hábhar d'ordú cúraim speisialta nó d'ordú cúraim speisialta eatramhach, caomhnóir nó duine ag a bhfuil leas *bona fide* sa leanbh, a iarraidh i scríbhinn ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte meastóireacht a dhéanamh ar an leanbh i leith an chúraim a sholáthraítear dó nó di, riachtanais chúraim an linbh, iompar an linbh roimh an gcúram speisialta sin a sholáthar, agus i leith an bhaoil a ghabhann leis an iompar sin do bheatha, do shláinte, do shábháilteacht, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

(2) I gcás go mbeidh iarratas déanta faoi fho-alt (1), déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoi réir fho-alt (3), meastóireacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(3) I gcás go gcinneann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, de bhun iarrata dá dtagraítear i bhfo-alt (1), gan meastóireacht a dhéanamh, cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an

cinneadh sin, agus na cúiseanna atá leis, in iúl i scríbhinn don duine a rinne an iarraidh.

(4) I gcás go gcinnfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gan meastóireacht a dhéanamh de bhun iarrata dá dtagraítear i bhfo-alt (1), féadfaidh an duine a rinne an iarraidh, laistigh de 14 lá ón bhfógra a fháil i scríbhinn, achomharc a dhéanamh de réir an ailt seo i gcoinne an chinnidh, san fhoirm fhorordaithe, ina luafar na cúiseanna atá leis an achomharc.

(5) I gcás go bhfaighidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte achomharc faoi fho-alt (4), déanfaidh sí, le toiliú an Aire, duine a cheapadh—

- (a) ag a bhfuil, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na cáilíochtaí, an oiliúint nó an taithí, nó teaghlaim den chéanna, is gá, agus
- (b) nach fostaí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é nó í.

(6) Maidir leis an duine a cheapfar de bhun fho-alt (5) chun achomharc faoi fho-alt (4) a bhreithniú—

- (a) beidh sé nó sí neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna,
- (b) déanfaidh sé nó sí de réir treoirlínte a eiseoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi fho-alt (10) i leith an nós imeachta a bheidh le leanúint maidir leis an achomharc a bhreithniú,
- (c) breithneoidh sé nó sí aon agóidí i scríbhinn nó ó bhéal a dhéanfaidh an t-achomharcóir mar thaca leis an achomharc,
- (d) déanfaidh sé nó sí cinneadh i scríbhinn ina gcinnfear an t-achomharc a luaithe is indéanta in imthosca uile an cháis, agus
- (e) déanfaidh sé nó sí cóip den chinneadh dá dtagraítear i mír (d) a chur chuig an achomharcóir agus chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar aon leis na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

(7) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an t-achomharcóir achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne an chinnidh dá dtagraítear i bhfo-alt (6)(d) ar phonc dlí.

(8) Is ar shlí seachas go poiblí a éistfear achomharc faoi fho-alt (7), i gcás go n-iarrfaidh an t-achomharcóir é.

(9) Is cinneadh críochnaitheach cinneadh ón Ard-Chúirt ar achomharc faoi fho-alt (7) ach amháin, le cead ón Ard-Chúirt, go mbeidh ábhar achomhairc ann i gcoinne an chinnidh chun na Cúirte Uachtaraí ar cheist shonraithe dlí.

(10) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte treoirlínte a eisiúint i leith an nós imeachta a bheidh le leanúint maidir le hachomharc a dhéanamh faoin alt seo.

Treoirlínte. 23NO.—Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú—

(a) maidir leis na nósanna imeachta—

(i) i dtaobh leanaí a urscaoileadh as aonaid chúraim speisialta, lena n-áirítear leanaí atá le fanacht faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a urscaoileadh nó a scaoileadh de bhun ordú faoin Acht seachas faoin gCuid seo, agus

(ii) i dtaobh leanaí a scaoileadh, de réir alt 23NF agus 23NG, as aonad cúraim speisialta,

(b) maidir le cúram a sholáthar faoin Acht seo, lena n-áirítear iarchúram dá dtagraítear in alt 45, do leanbh nuair a scoirfidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach arna dhéanamh i leith an linbh sin d'éifeacht a bheith leis, agus

(c) maidir le faisnéis i dtaobh leanaí a chur in iúl don Gharda Síochána agus do dhaoine eile, ar leanaí iad—

(i) a aistrítear, gan údarás dleathach nó toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó i ngan fhios di, as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó as aonad cúraim speisialta,

(ii) a éalaíonn as aonad cúraim speisialta nó as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(iii) a mhainníonn filleadh, nó a gcoisctear orthu filleadh, ar aonad cúraim speisialta nó ar choimeád

Fheidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte, nó

- (iv) atá ar iarraidh nó as láthair ar shlí eile, gan toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó i ngan fhios di, ón aonad cúraim speisialta nó ón áit chun a scaoiltear leanáí de réir ailt 23NF agus 23NG.

Cionta.

23NP.—(1) Gan dochar don dlí a bhaineann le díspeagadh cúirte, más rud é go ndéanfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) ordú faoi alt 23H(3)(a),
(b) ordú faoi alt 23L(4)(a), nó
(c) ordú faoi alt 23NI(4),

agus gur tugadh nó gur taispeánadh cóip den ordú dá dtagraítear i mír (a), (b), nó (c) don duine a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád iarbhír, agus go ndearna Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó go ndearnadh thar a ceann, a cheangal air nó uirthi an leanbh sin a thabhairt suas d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus go mainnfiann nó go ndiúltaíonn an duine sin an t-ordú a chomhlíonadh, beidh an duine sin ciontach i gcion, agus dlífear, ar é nó í chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Gan dochar don dlí maidir le díspeagadh cúirte, i gcás go mbeidh ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach déanta i leith linbh, maidir le duine—

- (a) a dhéanfaidh, gan údarás dleathach, an leanbh sin a aistriú—
(i) as aonad cúraim speisialta,
(ii) as coimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, coimeád aon duine a bhfuil an leanbh faoina chúram nó faoina cúram thar cheann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó coimeád duine dá dtagraítear in alt 23B(4), nó
(iii) as an áit chun ar scaoileadh é nó í faoi alt 23NF nó 23NG,

nó

- (b) a choisfidh ar an leanbh, i gcás go mbeidh an leanbh sin arna scaoileadh

as an aonad cúraim speisialta de réir alt 23NF nó 23NG, filleadh—

- (i) ar an aonad cúraim speisialta, nó
- (ii) ar choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ar dhuine dá dtagraítear i mír (a)(ii),

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gur tugadh nó gur taispeánadh cóip d'ordú dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) d'fho-alt (1) do dhuine má bhí an duine sin i láthair ag an suí den Ard-Chúirt ina ndearnadh an t-ordú sin.”.

Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht.

11.—Leasaítear alt 24 den Phríomh-Acht trí “, agus in imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*) i ndáil le cúraim speisialta” a chur isteach i ndiaidh “cúram agus cosaint linbh”.

Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht.

12.—Leasaítear alt 25 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1) trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid IV”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) San alt seo, i gcás gur imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*) na himeachtaí, ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt.”.

Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht.

13.—Leasaítear alt 26 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid IV”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “le réasún” a chur isteach i ndiaidh “a thabhóidh duine”,

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ndéanann an chúirt ceapachán faoi fho-alt (1) (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*), gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), tabharfaidh an chúirt ordacháin i ndáil le doiciméid a

sheirbheáil i leith na n-imeachtaí lena mbaineann ar an gcaomhnóir *ad litem*.

(2B) Déanfaidh caomhnóir *ad litem* chun críocha na n-imeachtaí a mbeidh sé nó sí ceaptha ina leith leas an linbh lena mbaineann a chur chun cinn agus tuairimí an linbh sin a chur in iúl don chúirt, a mhéid is indéanta, ag féachaint d’aois agus do thuiscint an linbh.

(2C) I gcás go ndéanann an chúirt ceapachán faoi fho-alt (1) (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú), 2011*)—

(a) féadfaidh an caomhnóir *ad litem* lena mbaineann teagasc a thabhairt d’aturnae chun feidhmiú thar a cheann nó thar a ceann i leith na n-imeachtaí sin agus, más gá, ag féachaint d’imthosca an cháis, féadfaidh sé nó sí teagasc a thabhairt d’abhcóide i leith na n-imeachtaí sin, agus

(b) i gcás go dtabharfaidh caomhnóir *ad litem* teagasc d’aturnae nó d’abhcóide nó dóibh araon de bhun mhír (a), íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na costais agus na caiteachais a thabhófar le réasún chun na críche sin agus féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun méid aon chostas nó caiteachas a thomhas nó a fhómhas.

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas a fháil ó Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, a ordú d’aon pháirtí eile sna himeachtaí i gceist aon chostais nó caiteachais is iníoctha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi fho-alt (2C) a íoc le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.”,

agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) San alt seo, i gcás gur imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú), 2011*) na himeachtaí, ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt.”.

14.—Leasaítear alt 27 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 27 den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1), trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid IV”, agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) San alt seo, foláíonn tagairt don pháirtí nó do na páirtithe caomhnóir *ad litem*, más ann, arna cheapadh nó arna ceapadh de réir alt 26 (arna leasú leis an *Acht um*

Chúram Leanaí (Leasú), 2011) i leith na n-imeachtaí lena mbaineann.

(7) San alt seo, i gcás gur imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) na himeachtaí, ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt.”.

Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht.

15.—(1) Leasaítear alt 28 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “agus imeachtaí achoimre i leith ciona faoi alt 23NP (a cuireadh isteach leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid III, IV nó VI”, agus
- (b) i bhfo-alt (2) trí “, agus imeachtaí achoimre i leith ciona faoi alt 23NP (a cuireadh isteach leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011),” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid III, IV nó VI”.

(2) Leasaítear alt 28 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Beidh dlínse ag an Ard-Chúirt na nithe seo a leanas a éisteacht agus a chinneadh—

- (a) imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011), seachas imeachtaí faoi alt 23NP (a cuireadh isteach leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011),
- (b) aon iarratas nó ábhar eile faoi réim agus de réir an Achta seo (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) a bhaineann le hordú cúraim speisialta, le hordú cúraim speisialta eatramhach nó le himeachtaí le haghaidh cúraim speisialta a éisteacht agus a chinneadh faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011),
- (c) gan dochar do ghinearáltacht mhír (b), aon iarratas nó ábhar eile faoi réim agus de réir Chuid V (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) a bhaineann le himeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) le haghaidh cúraim speisialta, agus na himeachtaí sin, seachas imeachtaí faoi alt 31(3) a bhaineann le himeachtaí faoi Chuid IVA, a éisteacht agus a chinneadh, agus
- (d) gan dochar do ghinearáltacht mhír (b), aon imeachtaí a bhaineann le halt 37 (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) a mhéid a bhaineann siad le leanbh is ábhar d’ordú cúraim speisialta nó d’ordú cúraim speisialta eatramhach i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú lena mbaineann.

(4) Beidh dlínse ag an gCúirt Dúiche, agus ag an gCúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, iarratas ar ordú cúraim nó ar ordú maoirseachta a éisteacht agus a chinneadh d’ainneoin go mbeidh, an tráth a dhéanfar an t-iarratas, éifeacht

le hordú cúraim speisialta nó le hordú cúraim speisialta eatramhach i leith an linbh lena mbaineann.”.

16.—Leasaítear alt 30 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 30 den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1) trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid III, IV”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) I bhfo-alt (1) agus (2), i gcás gur imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*) na himeachtaí, ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt.”.

17.—Leasaítear alt 31 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 31 den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1) trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid III, IV,” agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) San alt seo, i gcás gur imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*) na himeachtaí, ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt.”.

18.—Leasaítear alt 32 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 32 den
Phríomh-Acht.

(a) trí “, nó in aon iarratas ar ordú cúraim speisialta nó ordú cúraim speisialta eatramhach faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*), déanfaidh an Ard-Chúirt”, a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid III, IV nó VI, déanfaidh an chúirt”, agus

(b) trí “, nó de réir mar a bheidh, an Ard-Chúirt,” a chur isteach i ndiaidh “a ndearbhóidh an chúirt”.

19.—Leasaítear alt 33 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 33 den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) D’fhonn an éisteacht is tapúla ar iarratais agus imeachtaí a áirithiú faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*), agus i ndáil léi, féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte chun doiciméid uaschúirte a sheirbheáil ar shlí seachas faoi alt 23 d’Acht na gCúirteanna, 1971.”,

agus

(b) i bhfo-alt (2), trí “, IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi Chuid III, IV”.

Leasú ar alt 36 den
Phríomh-Acht.**20.**—Leasaítear alt 36 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1) (arna leasú le hAcht 2004) trí “faoi réir fho-alt (4)”, a chur isteach i ndiaidh “Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,” agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Ní dhéanfar suíomh dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i leith linbh is ábhar d’ordú cúraim speisialta nó d’ordú cúraim speisialta eatramhach i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an ordú sin.”.

Leasú ar alt 37 den
Phríomh-Acht.**21.**—Leasaítear alt 37 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1)—

“(1A) I gcás go mbeidh leanbh faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bhun ordaithe cúraim speisialta nó ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh, féachfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuige, faoi réir an Achta seo agus ordacháin, más ann, arna thabhairt faoi alt 23NA(2)(a) (a cuireadh isteach leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*), agus de réir an ordaithe cúraim speisialta nó an ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh sin agus an ordacháin sin, más ann, go mbeidh rochtain réasúnach ar an leanbh san aonad cúraim speisialta ag a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí, ag duine a bheidh ag gníomhú *in loco parentis*, ag caomhnóir nó ag aon duine eile a bhfuil, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leas *bona fide* aige nó aici sa leanbh.”.

- (b) i bhfo-alt (2), trí “nó leis na socrúithe a dhéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi fho-alt (1A) (a cuireadh isteach leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*)” a chur isteach i ndiaidh “leis an Acht Sláinte, 2004” (a cuireadh isteach le hAcht 2004), agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) San alt seo, in imeachtaí faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*), ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt.”.

Leasú ar alt 42 den
Phríomh-Acht.**22.**—Leasaítear alt 42 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag rialacháin faoin alt seo maidir le leanaí is ábhar d’orduithe cúraim speisialta nó d’orduithe cúraim speisialta eatramhacha i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis na horduithe sin.”.

Leasú ar alt 45 den
Phríomh-Acht.**23.**—Leasaítear alt 45 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Chun críocha an ailt seo, foláionn an tagairt i bhfo-alt (1)(a) do chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram speisialta arna sholáthar faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011).”.

24.—Leasaítear alt 46 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí “, seachas cúram speisialta faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011),” a chur isteach i ndiaidh “faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht.

25.—Leasaítear alt 47 (arna leasú le hAcht 2004) den Phríomh-Acht trí “faoi réir alt 23NK (a cuireadh isteach leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011)” a chur isteach i ndiaidh “faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht.

26.—Leasaítear alt 69 den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 69 den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (2) (a leasaíodh le halt 75 den Acht Sláinte, 2004), trí “a chothabhálfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó duine a thugann cúram do leanbh thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoin Acht seo, nó a chothabhálfaidh duine dá dtagraítear in alt 23B(4) (a cuireadh isteach le *halt 10* den *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011)” a chur in ionad “a chothabhálfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin Acht seo”,

(b) i bhfo-alt (4)(a) (a leasaíodh le halt 75 den Acht Sláinte, 2004), trí “á chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó ag duine a thugann cúram do leanbh thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoin Acht seo, nó ag duine dá dtagraítear in alt 23B(4) (a cuireadh isteach le *halt 10* den *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011)” a chur in ionad “á chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin Acht seo”, agus

(c) i bhfo-alt (4)(b) (a leasaíodh le halt 75 den Acht Sláinte, 2004), trí “fostaithe d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó de chuid duine dá dtagraítear i mír (a)” a chur in ionad “fostaithe d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.

CUID 3

LEASÚ AR ACHT 2001

27.—Leasaítear alt 3 (arna leasú le hAcht 2004) d’Acht 2001, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíniú ar “scoil”: Leasú ar alt 3 d’Acht 2001.

“tá le ‘ordú cúraim speisialta’ an bhrí a shanntar dó le Cuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanáí (Leasú)*, 2011) d’Acht 1991;”.

28.—Leasaítear alt 7 (arna leasú le hAcht 2004) d’Acht 2001 i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b): Leasú ar alt 7 d’Acht 2001.

“(b) go mbeidh comhdháil leasa teaghlaigh le tionól de bhun alt 23F (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) d’Acht 1991.”.

Leasú ar alt 8
d’Acht 2001.

29.—Leasaítear alt 8 (arna leasú le hAcht 2004) d’Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Maidir le comhdháil leasa teaghlaigh” a chur in ionad “Déanfaidh comhdháil leasa teaghlaigh”,

(b) i mír (a) d’fho-alt (1)—

(i) trí “dá dtagraítear in alt 7(1)(b), breithneoidh sí an bhfuil” a chur in ionad “a chinneadh an bhfuil”

(ii) trí “cúram nó cosaint speisialta ag teastáil ón leanbh” a chur in ionad “gá ag an leanbh le cúram nó cosaint speisialta”, agus

(iii) trí “cúram speisialta faoi Chuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011)” a chur in ionad “cúram nó cosaint speisialta nach dóigh don leanbh a fháil mura ndéanfar ordú ina leith faoi Chuid IVA (a cuireadh isteach leis an Acht seo)”.

(c) i mír (b) d’fho-alt (1)—

(i) trí “dá dtagraítear in alt 7(1)(b), má mheastar go bhfuil cúram speisialta ag teastáil ón leanbh” a chur in ionad “má chinneadh sí go bhfuil gá ag an leanbh amhlaidh”, agus

(ii) trí “ar ordú cúraim speisialta,” a chur in ionad “ar ordú faoin gCuid sin, agus”,

(d) i mír (c) d’fho-alt (1)—

(i) trí “dá dtagraítear in alt 7(1)(a), déanfaidh sí” a chur in ionad “mura gcinnfidh sí amhlaidh”,

(ii) trí “ar ordú cúraim, ar ordú maoirseachta, ar ordú cúraim speisialta nó ar chúram eile” a chur in ionad “ar ordú cúraim nó ar ordú maoirseachta”

(iii) trí “ i leith an linbh, agus” a chur in ionad “ i leith an linbh.”,

agus

(e) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) dá dtagraítear in alt 7(1)(b), má mheastar nach bhfuil cúram speisialta ag teastáil ón leanbh, déanfaidh sí cibé moltaí chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le cúram nó le cosaint an linbh a mheasfaidh an chomhdháil is gá, lena n-áirítear, más cuí, cúram, seachas cúram speisialta, faoi Acht 1991.”.

30.—Leasaítear alt 10 d’Acht 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3): Leasú ar alt 10 d’Acht 2001.

“(4) Maidir leis an nós imeachta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

- (a) beidh sé i gcomhréir le cothroime agus le ceartas nádúrtha, agus
- (b) áireofar ann nós imeachta chun dul i gcomhairle leis an leanbh ar tionóladh an chomhdháil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ina leith agus chun mianta an linbh sin a fhionnadh.”.

31.—Leasaítear alt 13 (arna leasú le hAcht 2004) d’Acht 2001 i bhfo-alt (1) trí mhír (a) a scriosadh. Leasú ar alt 13 d’Acht 2001.

32.—Leasaítear alt 71 d’Acht 2001 i bhfo-alt (1)(a) trí “, IVA (a cuireadh isteach leis an Acht seo)” a scriosadh. Leasú ar alt 71 d’Acht 2001.

33.—Leasaítear alt 77 (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007) d’Acht 2001— Leasú ar alt 77 d’Acht 2001.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “nó cúram eile a sholáthar don leanbh sin faoi Acht 1991 (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011*) nó ar shlí eile” a chur isteach i ndiaidh “faoi Acht 1991 i leith an linbh”, agus
- (b) i bhfo-alt (1)(a), trí “a teaghlaigh.” a chur in ionad “a teaghlaigh,”.

34.—Leasaítear alt 267 d’Acht 2001, i bhfo-alt (2), trí “Chuid” a chur in ionad “Chodanna IVA agus”. Leasú ar alt 267 d’Acht 2001.

CUID 4

LEASÚ AR ACHT 2004

35.—Leasaítear Cuid 7A (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Sláinte (Leasú), 2010) d’Acht 2004— Leasú ar Chuid 7A d’Acht 2004.

(a) in alt 40B—

- (i) i bhfo-alt (1)(a), trí “athbhreithniú,” a chur in ionad “athbhreithniú, agus”,
- (ii) i bhfo-alt (1)(b)(ii), trí “Aire,” a chur in ionad “Aire.”,
- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1)(b):

“agus

(c) gan mhoill, faisnéis a thabhairt don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) aon tarlú nó forbairt den sórt sin ar dóigh, i dtuairim na Feidhmeannachta, don Aire a mheas go mbeadh sé suntasach i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, nó

(ii) aon tarlú nó forbairt eile a thagann faoi réim aicme tarluithe nó forbairtí ar díol spéise nó buartha poiblí iad, is aicme a bheidh sonraithe i scríbhinn ag an Aire sin”,

agus

(iv) i bhfo-alt (2), trí “, i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,” a chur isteach i ndiaidh “Féadfaidh an tAire”,

(b) in alt 40C—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Féadfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, i gcás go measfaidh sé nó sí gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail agus chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, a cheangal ar an bhFeidhmeannacht cibé faisnéis nó doiciméid a shonróidh sé nó sí agus atá i seilbh nó faoi urláimh na Feidhmeannachta nó ar fáil di a thabhairt dó nó di, agus déanfaidh an Fheidhmeannacht amhlaidh laistigh d’aon tréimhse a shonróidh an tAire agus, in aon chás, gan mhoill.”,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “nó don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur isteach i ndiaidh “don Aire”,

(iii) i bhfo-alt (3), trí “nó don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur isteach i ndiaidh “don Aire”, agus

(iv) i bhfo-alt (4)(a), trí “nó don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur isteach i ndiaidh “don Aire”,

(c) in alt 40D—

(i) i bhfo-alt (1), trí “dó nó di” a chur isteach i ndiaidh “a tugadh”,

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás go bhfuil duine ceaptha ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige chun aon ní a scrúdú nó chun fiosrúchán a dhéanamh i dtaobh aon ní, agus go measann sé nó sí go bhféadfadh aon fhaisnéis nó doiciméad a tugadh dó nó di faoi alt 40B nó 40C a bheith ábhartha i leith an scrúdaithe nó an

fhiosrúcháin sin, féadfaidh an tAire an fhaisnéis nó an doiciméad sin a thabhairt don duine agus féadfaidh an duine sin glacadh leis an bhfaisnéis nó leis an doiciméad sin.”,

- (iii) i bhfo-alt (2), trí “chun go ndéanfadh an tAire nó an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A)” a chur in ionad “chun go ndéanfadh an tAire faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)”,
- (iv) i bhfo-alt (3), trí “chun a thoirmeasc ar an Aire nó ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A)” a chur in ionad “chun a thoirmeasc ar an Aire faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)”, agus
- (v) i bhfo-alt (4)(a), trí “chun a thoirmeasc ar an Aire nó ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis nó doiciméid arna n-ullmhú i ndáil le himeachtaí den sórt sin, nó arna dtabhairt i bhfianaise in imeachtaí den sórt sin, a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A)” a chur in ionad “chun a thoirmeasc ar an Aire faisnéis nó doiciméid arna n-ullmhú i ndáil le himeachtaí den sórt sin, nó arna dtabhairt i bhfianaise in imeachtaí den sórt sin, a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)”,

(d) in alt 40E—

- (i) i bhfo-alt (1), trí “dó nó di” a chur isteach i ndiaidh “faisnéis agus doiciméid arna dtabhairt”, agus
- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Faoi réir fho-alt (2), féadfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis agus doiciméid arna dtabhairt dó nó di faoin gCuid seo a úsáid de réir mar a theastóidh uaidh nó uaithe chun a feidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.”,

agus

(e) in alt 40F—

- (i) trí “le cumhacht an Aire nó an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur in ionad “le cumhacht an Aire”, agus
- (ii) trí “d’fheidhmeanna na Feidhmeannachta, d’fheidhmeanna an Aire ná d’fheidhmeanna an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur in ionad “d’fheidhmeanna na Feidhmeannachta ná d’fheidhmeanna an Aire”.

CUID 5

LEASÚ AR ACHT 2007

Leasú ar Acht 2007. 36.—(1) Leasaítear alt 2 d’Acht 2007—

(a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “lárionad ainmnithe”—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) is aonad cúraim speisialta,”

(ii) trí mhír (v) a scriosadh,

(b) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “aonad cúraim speisialta”:

“tá le ‘aonad cúraim speisialta’ an bhrí a shanntar dó le Cuid IVA (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) den Acht um Chúram Leanaí, 1991;”,

(c) i bhfo-alt (2), trí “aonad,” a chur isteach i ndiaidh “teaghlach,” agus trí “d’aonad,” a chur isteach i ndiaidh “de theaghlach,” agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Chun críocha an mhíniú ar lárionad ainmnithe (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011) i bhfo-alt (1) agus tagairtí do dhaoine a chónaíonn i lárionad ainmnithe, do chónaitheoirí lárionad ainmnithe, agus do dhaoine dár féidir cóiríocht a sholáthar i lárionad ainmnithe a fhorléiriú, forléireofar na tagairtí sin mar thagairtí a fholáíonn tagairtí do leanaí arna gcoinneáil in aonad cúraim speisialta de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (arna leasú leis an *Acht um Chúram Leanaí (Leasú)*, 2011).”.

(2) Leasaítear alt 8 d’Acht 2007 i bhfo-alt (1)(c), trí “, aonaid chúraim speisialta” a scriosadh.

(3) Leasaítear alt 41 d’Acht 2007 i bhfo-alt (1), trí mhír (d) a scriosadh.

(4) Leasaítear alt 73 d’Acht 2007—

(a) i bhfo-alt (2)(c), trí “nó mar aonad cúraim speisialta” a scriosadh, agus

(b) i bhfo-alt (4)(a), trí “nó in aonad cúraim speisialta” a scriosadh.

(5) Leasaítear alt 75 d’Acht 2007—

(a) i bhfo-alt (2)(a), trí “le soláthraí cláraithe nó le lárionad ainmnithe” a chur in ionad “le soláthraí cláraithe, le lárionad ainmnithe nó le haonad cúraim speisialta,”

(b) i bhfo-alt (2)(b)(iii), trí “nó (d)” a scriosadh.

(6) Leasaítear Sceideal 2 d’Acht 2007 i gCuid 1 trí Ítim 3 a scriosadh.

CUID 6

AN BORD COMHAIRLEACH UM ACHTANNA NA LEANAÍ A DHÍSCAOILEADH

37.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Bord” an Bord Comhairleach um Míniú.
Achtanna na Leanaí.

38.—Beidh an Bord arna dhíscaoileadh ar thosach feidhme na An Bord a
Coda seo. dhíscaoileadh.

39.—(1) Gach ceart agus dliteanas de chuid an Bhoird a Cearta agus
eascraíonn de bhua aon chonartha nó aon ghealltanais (sainráite nó dliteanais a aistriú.
intuigthe) arna dhéanamh ag an mBord roimh thosach feidhme na Coda seo, beidh siad, ar an tosach feidhme sin, arna n-aistriú chuig an Aire.

(2) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear le fo-alt (1), tráth an aistrithe agus dá éis, féadfaidh an tAire, ina ainm nó ina hainm féin, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fheidhmiú nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fheidhmiú i gcoinne an Aire ina ainm féin nó ina hainm féin agus ní gá don Aire fógra faoin aistriú sin a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an bhfo-alt sin.

40.—(1) An talamh go léir a bhí, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, dílsithe don Bhord agus gach ceart, gach cumhacht agus Maoin áirithe a
gach pribhléid a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin, beidh aistriú.
siad, ar an tosach feidhme sin, gan aon tíolacadh nó sannadh, arna n-aistriú chuig an Aire agus arna ndílsíú dó nó di.

(2) Gach maoin seachas talamh (lena n-áirítear ábhair i gcaingeán) a bhí, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, ina maoin de chuid an Bhoird, beidh sí, ar an tosach feidhme sin, arna haistriú chuig an Aire gan aon sannadh.

(3) Gach ábhar i gcaingeán a aistrítear le *fo-alt* (2), féadfaidh an tAire, ar thosach feidhme na Coda seo agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fheidhmiú ina ainm nó ina hainm féin, agus ní gá don Aire fógra faoin aistriú a dhéantar leis an bhfo-alt sin a thabhairt d’aon duine atá faoi cheangal ag an ábhar i gcaingeán.

(4) Aon airgead, stoic, scaireanna agus urrúis a aistrítear chuig an Aire le *fo-alt* (2) agus atá, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, in ainm an Bhoird déanfar, ar an Aire dá iarraidh, iad a aistriú isteach ina ainm nó ina hainm.

41.—(1) A luaithe is féidir tar éis thosach feidhme na Coda seo, ach tráth nach déanaí ná bliain dá éis sin, cuirfidh an tAire faoi deara cuntais chríochnaitheacha an Bhoird a ullmhú, i leith bhliain chuntasaíochta nó i leith an chuid de bhliain chuntasaíochta an Bhoird dar críoch díreach roimh thosach feidhme na Coda seo. Cuntais
chríochnaitheacha.

(2) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir, na cuntais a ullmhófar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh, agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip de na cuntais arna n-iniúchadh agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na cuntais iniúchta sin agus den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascáil
chríochnaitheach a
ullmhú.

42.—(1) A luaithe is féidir tar éis thosach feidhme na Coda seo, ach tráth nach déanaí ná bliain amháin dá éis sin, cuirfidh an tAire faoi deara tuarascáil chríochnaitheach ar ghníomhaíochtaí an Bhoird a ullmhú i leith cibé tréimhse nach raibh ina hábhar do thuarascáil don Aire cheana féin agus ar tréimhse í dar críoch díreach roimh thosach feidhme na Coda seo.

(2) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil chríochnaitheach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Imeachtaí dlí atá ar
feitheamh.

43.—Más rud é, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, go mbeidh imeachtaí dlí ar páirtí iontu an Bord ar feitheamh, cuirfear ainm an Aire in ionad ainm an Bhoird sna himeachtaí, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Foireann an Bhoird
a aistriú.

44.—(1) (a) Faoi réir *mhír (b)*, gach duine a bheidh, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhoird, beidh aige nó aici, ar an tosach feidhme sin, post neamhbhunaithe sa Státseirbhís.

(b) Gach duine a bheidh, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, ina fhostaí nó ina fostaí téarma shocráithe de chuid an Bhoird, beidh aige nó aici, ar an tosach feidhme sin, post neamhbhunaithe mar fhostaí téarma shocráithe den Aire ar feadh ré a chonartha nó a conartha fostaíochta.

(2) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní lú tairbhe dó nó di, ar thosach feidhme na Coda seo, na coinníollacha luacha saothair ar a gcuirfear é nó í ná na coinníollacha luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo.

(3) Beidh seirbhís roimh ré de chuid duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh atá iontu:

(a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007;

(b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;

(c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003;

(d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;

- (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001;
- (f) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;
- (g) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007;
- (h) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004;
- (i) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006;
- (j) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;
- (k) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.

(4) Maidir le haon sochair aoisliúntais a dhámhfar do dhuine nó i leith duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (I)* agus leis na téarmaí a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad ná na sochair agus na téarmaí sin ab infheidhme maidir leis an duine sin nó i leith an duine sin díreach roimh thosach feidhme na Coda seo.

(5) Ar thosach feidhme na Coda seo, tiocfaidh íocaíochtaí pinsin agus dliteanais aoisliúntais eile an Bhoird i leith a iarfhostaithe chun bheith ina ndliteanais de chuid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(6) Déanfaidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (I)* cibé dualgais a ghabháil de láimh a ordóidh an tAire ó am go ham.

(7) Beidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (I)* faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005 agus na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go 2001 agus beidh sé nó sí ar fostú de réir na hAchtanna sin.

(8) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004;

tá le “Státseirbhís” an bhrí a shanntar dó le hAcht 2004;

tá le “conradh fostaíochta” an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;

tá le “fostaí téarma shocraithe” an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;

ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta” ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an Aire chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair nó coinníollacha fostaíochta, nó le coinníollacha oibre fostaithe;

tá le “post neamhbhunaithe” an bhrí a shanntar dó le hAcht 2004.

45.—Déanfar na caiteachais a thabhdh an tAire ag riaradh na Coda seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

Leasú ar an
bPríomh-Acht.**46.**—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 23A(2) (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007) trí mhír (b) a scriosadh,
- (b) in alt 23A trí fho-alt (5) (a cuireadh isteach le hAcht 2004) a scriosadh, agus
- (c) in alt 23B(1) (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007) trí “agus ar thuairimí an Bhoird Chomhairligh um Achtanna na Leanaí dá dtagraítear in alt 23A(2)(b) a chur i gcuntas,” a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 29 (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007) den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (5)—

(i) i mír (a)(i), trí “nó” a chur isteach i ndiaidh “aturnae,”

(ii) trí mhír (a)(ii) a scriosadh,

agus

(b) trí fho-alt (6) a scriosadh.

Aisghairm.

47.—Aisghairtear Cuid 11 (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007) d’Acht 2001.

CUID 7

ILGHNÉITHEACH

Forálacha
idirthréimhseacha.

48.—(1) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *alt 10*, go gcoinneofar leanbh i gcóiríocht chónaithe dhaingean de bhun ordaithe ón Ard-Chúirt arb é is éifeacht leis cead a thabhairt an leanbh a choinneáil, agus cúram a thabhairt dó nó di, i gcóiríocht chónaithe dhaingean chun a leas a chosaint agus gurb é atá sa chóiríocht sin, ar thosach feidhme *alt 10*, aonad cúraim speisialta, ní bheidh feidhm ag alt 23B(2) (arna leasú le *halt 10*) den Phríomh-Acht maidir leis an leanbh is ábhar don ordú sin ón Ard-Chúirt ar feadh a mbeidh fágtha den tréimhse a shonrófar san ordú sin ón Ard-Chúirt.

(2) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *alt 10*, go mbeidh leanbh suite agus á choinneáil nó á coinneáil in aonad cúraim speisialta de réir ordaithe cúraim speisialta arna dhéanamh faoi alt 23B (a cuireadh isteach le hAcht 2001) den Phríomh-Acht—

(a) fanfaidh an t-ordú cúraim speisialta sin i bhfeidhm ón dáta a thiofadh an t-alt sin i ngníomh go dtí deireadh na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú sin, agus

(b) ní bheidh feidhm ag alt 23B(2) (arna leasú le *halt 10*) den Phríomh-Acht maidir leis an leanbh sin i rith na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú sin.

(3) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *alt 10*, go mbeidh leanbh suite agus á choinneáil nó á coinneáil in aonad cúraim speisialta de réir ordaithe cúraim speisialta eatramhaigh arna dhéanamh faoi alt 23C (a cuireadh isteach le hAcht 2001) den Phríomh-Acht—

- (a) fanfaidh an t-ordú cúraim speisialta eatramhach sin i bhfeidhm ón dáta a thiocfaidh *alt 10* i ngníomh go dtí deireadh na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú sin, agus
- (b) ní bheidh feidhm ag alt 23B(2) (arna leasú le *halt 10*) den Phríomh-Acht maidir leis an leanbh sin i rith na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú sin.

(4) Más rud é, roimh theacht i ngníomh *alt 10*, go mbeidh imeachtaí tionscanta sa Chúirt Dúiche faoi Chuid IVA (a cuireadh isteach le hAcht 2001) den Phríomh-Acht agus nach mbeidh na himeachtaí sin cinnte faoin lá a thiocfaidh *alt 10* i ngníomh—

- (a) leanfar de na himeachtaí sin a chinneadh de bhun na Coda sin d’ainneoin a haisghairthe le *halt 10*,
- (b) fanfaidh aon ordú a dhéanfar de bhun na n-imeachtaí sin i bhfeidhm ón dáta a dhéanfar é go dtí deireadh na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis, agus
- (c) ní bheidh feidhm ag alt 23B(2) (arna leasú le *halt 10*) den Phríomh-Acht maidir leis an leanbh sin le linn na tréimhse ar lena linn atá éifeacht leis an ordú sin.

(5) Pléifear le hachomharc i gcoinne ordaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2), (3) nó (4)* mar imeachtaí faoi Chuid IVA (a cuireadh isteach le hAcht 2001), agus leanfar dá chinneadh de bhun na Coda sin IVA, den Phríomh-Acht d’ainneoin aisghairm na Coda sin le *halt 10*, agus beidh feidhm ag *fo-ailt (4)(b)* agus *(4)(c)* maidir le hordú arna dhéanamh de bhun an achomhairc sin.

(6) Aon duine a bhí, díreach roimh an dáta iomchuí, ag seoladh gnó arb éard é cúram speisialta a sholáthar do leanáí in aonad cúraim speisialta, féadfaidh sé nó sí leanúint dá sheoladh amhlaidh, d’ainneoin alt 46 d’Acht 2007, go ceann tréimhse nach faide ná bliain amháin ón dáta iomchuí.

(7) Tabharfaidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* fógra i scríbhinn don phríomhchigire á rá go bhfuil an duine ag seoladh an ghnó dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*, a luaithe is indéanta, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta iomchuí.

(8) Le linn na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*, beidh feidhm ag Acht 2007 maidir leis an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* agus leis an aonad cúraim speisialta dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* amhail is dá mba lárionad ainmnithe cláraithe faoi Acht 2007 an t-aonad cúraim speisialta agus amhail is dá mbeadh an duine sin cláraithe mar sholáthraí cláraithe an aonaid cúraim speisialta sin.

(9) I *bhfo-ailt (6)* go (8)—

tá le “príomhchigire” an bhrí a shanntar dó le hAcht 2007;

ciallaíonn “dáta iomchuí” an dáta a thiocfaidh *alt 36* i ngníomh;

ciallaíonn “aonad cúraim speisialta” cóiríocht chónaithe dhaingean ina mbíonn leanaí á gcoinneáil de bhun ordaithe ón Ard-Chúirt nó aonad cúraim speisialta dá dtagraítear i gCuid IVA (a cuireadh isteach le hAcht 2001) den Phríomh-Acht, nó iad araon, is lárionad ainmnithe de réir bhrí alt 2(1) (arna leasú leis an Acht seo) d’Acht 2007.

Leasú ar an Acht
Uchtála, 2010.

49.—Leasaítear an tAcht Uchtála, 2010—

- (a) in alt 3, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “comhaontú déthaobhach”:

“ciallaíonn ‘comhaontú déthaobhach’ comhaontú dá dtagraítear in alt 73 arna dhéanamh ag an Rialtas agus ag stát neamhchonarthach agus a bhaineann le huchtáil idir tíortha;”

- (b) in alt 157(f), trí “alt 13” a chur in ionad “alt 13(1)”, agus
(c) in alt 158(d), trí “alt 23V(2)(a)” a chur in ionad “alt 23V(2)(d)”.